# Splanc

## Caibidil 1
## 2023-2024



Gael Linn

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Cúinne na Gramadaí

## Leideanna don Aimsir Chaite!

Tá briathra **rialta** agus **neamhrialta** sa Ghaeilge. Tá rialacha speisialta ag baint leis na briathra rialta agus ní mór staidéar maith a dhéanamh orthu.

## Foclóir

Is minic a bhaintear úsáid as focail éagsúla, faoi mar atá *i gcló iodálach* thíos, chun cur síos a dhéanamh ar eachtraí a tharla san am atá thart:

*fadó* *inné* *an mhí seo caite*
*tráth dá raibh* *anuraidh* *aréir*
*lá amháin* *cúpla lá ó shin*

**Cuirigí leis an liosta thuas!**

## Briathra Rialta

**Ag tosú ar chonsan:**

**Bris** → Bhris – Níor bhris – Ar bhris?
**Can** → Chan – Níor chan – Ar chan?
**Suigh** → Shuigh – Níor shuigh – Ar shuigh?



Shuigh Miguel síos ar charraig!



Chan Madeleine amhrán álainn!

**Ag tosú ar ghuta:**

Ól → **D'ól – Níor** ól – Ar ól?
Éist → **D'éist – Níor** éist – Ar éist?
Iarr → **D'iarr – Níor** iarr – Ar iarr?

**Ag tosú ar f:**

**Fan** → **D'fhan – Níor fhan – Ar fhan?**
**Fág** → **D'fhág – Níor fhág – Ar fhág?**
**Fill** → **D'fhill – Níor fhill – Ar fhill?**



D'fhágamar an scoil ar a dó a chlog.

## Ceacht a hAon!

**(Freagraí ag deireadh na caibidle)**

**Athscríobh na habairtí seo a leanas san aimsir chaite, gan na lúibíní.**

1 (Can) Síle amhrán aoibhinn aréir.
2 (Dún) an múinteoir an doras ina diaidh.
3 (Ar : blais) tú den *Monster* nua fós?
4 (Níor : fan) mé siar don séisiún traenála tar éis am scoile inné.
5 (Ar : scríobh) tú mórán sa scrúdú staire inné?
6 (Ól) mé gloine mhór uisce leis an *vindaloo* aréir, mar bhí mó bhéal dóite ag an teas!
7 (Níor : ól) mé aon deoch ó mhaidin inné. Tá tart uafásach orm anois!
8 An samhradh seo caite (tiomáin) máthair Pháidí muid go Baile Átha Cliath chun na *Artic Monkeys* a fheiceáil.

## Briathra Neamhrialta

**Abair** → Dúirt – Ní dúirt – An ndúirt?
**Beir** → Rug – Níor rug – Ar rug?
**Bí** → Bhí – Ní raibh – An raibh?
**Clois** → Chuala – Níor chuala – Ar chuala?
**Déan** → Rinne – Ní dhearna – An ndearna?
**Faigh** → Fuair – Ní bhfuair – An bhfuair?
**Feic** → Chonaic – Ní fhaca – An bhfaca?
**Ith** → D'ith – Níor ith – Ar ith?
**Tabhair** → Thug – Níor thug – Ar thug?
**Tar** → Tháinig – Níor tháinig – Ar tháinig?
**Téigh** → Chuaigh – Ní dheachaigh – An ndeachaigh?

shutterstock **Buíochas le Shutterstock as ucht pictiúir a cheadú dúinn**

## Ceacht a Dó!

**Athscríobh na habairtí seo a leanas san aimsir chaite, gan na lúibíní.**
**(Freagraí ag deireadh na caibidle)**

1 (An : feic) sibh Ella nó Zara inné?
2 (Ní : tar) Josh go dtí an phictiúrlann aréir – agus (bí) díomá ar Alex!
3 (An : clois) tú an t-amhrán nuascríofa atá ag Coi Leray? Is aoibhinn liom é.



4 (Ní : déan) mé an obair bhaile Spáinnise aréir.
5 (An : faigh) tú búidéal uisce saor in aisce leis an gceapaire sin, a Annasse?
6 (Ní : abair) an príomhoide 'maidin mhaith' liom maidin inniu. Bhí iontas orm, mar is duine an-chairdiúil í.
7 (Téigh) mé go dtí an Spáinn le linn an tsamhraidh le mo mhuintir. (Feic) mé na radhairc éagsúla agus (ith) mé paella den chéad uair riamh.
8 (Bí) an t-ádh dearg orm a bheith i Staid an Etihad anuraidh nuair a ghlac *Man City* seilbh ar an gcorn.

## Ceacht a Trí

**Líon isteach na bearnaí sa tábla seo. Tá idir bhriathra rialta agus neamhrialta ann!**

| Briathar | Dearfach | Diúltach | Ceisteach |
|---|---|---|---|
| Feic | | | |
| | | Ní dhearna | |
| | Tháinig | | |
| | | | Ar thaistil? |
| Léigh | | | |
| | D'fhéach | | |
| | | Níor ól | |
| Eitil | | | |
| | | | Ar fhág? |
| | D'fhan | | |
| Tabhair | | | |
| | Dhírigh | | |
| | | Níor rug | |
| | | | Ar labhair? |

# Dialann mhachnaimh



## Ceacht a Ceathair

**Scríobh píosa i do dhialann mhachnaimh faoi eachtra iontach éigin a tharla an samhradh seo caite.** **Beidh an sampla thíos ina cabhair duit!**

20 Meitheamh 2023

A Dhialann, a chara,

Bhí tráthnóna iontach agam inné. Bhí an t-ádh dearg orm a bheith i láthair ag ceolchoirm *Arctic Monkeys* i bPáirc Mharlaí, Baile átha Cliath. Bhí seisiún den chéad scoth againn!

Bhí idir óg agus aosta ag an gceolchoirm. Cheap mé nach mbeadh suim ag aon duine sna *Artic Monkeys* – seachas déagóirí cosúil liom féin – ach bhí dul amú orm! Tá clú agus cáil orthu i measc daoine de gach aois.

Phreab siad amach ar an stáitse leis an gcéad amhrán *I bet you look good on the dance floor* agus d'imigh an slua ar mire. Chan siad ar feadh uair go leith gan stad! Thaitin an t-albam *Humbug* go mór liomsa, ach bhí lúcháir orm nuair a chríochnaigh an banna le *Fluorescent Adolescent* ag deireadh na hoíche.

Bhí Alex Turner, Jamie Cook, Nick O'Malley agus Matt Helders ar an stáitse, ach caithfidh mé a admháil go raibh mé go hiomlán faoi dhraíocht ag Alex ó thús go deireadh na ceolchoirme. Tá mé ag súil leis an mbanna a fheiceáil arís go luath. Idir an dá linn, níl agam ach cuimhní sona – agus *Spotify*!

Oíche mhaith!

Clódagh XXX

© Gael Linn

# Rang Fraincise



**Cillian** Ó, haigh, a Viktor, conas tá tú? An bhfuil sé i gceist agat dul go dtí an rang Fraincise anocht?

**Viktor** Is dócha go bhfuil, a Chillian. Tá mé chun triail a bhaint as an rang uair amháin eile. Is dóigh liom go bhfuil an leibhéal róchasta dom. An bhfuil tú féin ag dul ann?

**Cillian** Tá, leoga. Chun an fhírinne a rá, is aoibhinn liom an rang. D'fhreastail mé féin agus m'athair ar rang difriúil anuraidh agus níor thaitin sé linn in aon chor. Bhí barraíocht béime ar an scríobh. Is fearr liom an rang seo, mar bíonn seans againn labhairt le chéile agus a bheith ag cleachtadh.

**Viktor** Sin an dúshlán domsa, a Chillian! Bíonn barraíocht cainte ann agus níl go leor d'fhoclóir agam le comhrá ceart a bheith agam le haon duine sa rang. Ní mhothaím ar mo shuaimhneas ann ar chor ar bith. Mothaím faoi strus sa rang!

**Cillian** Tá moladh amháin agam duit, a chara. Bain triail as an aip *Duolingo*. Tá sé ar fheabhas ar fad chun focail agus tearmaí nua a fhoghlaim. Tagann sé i gcabhair go mór ormsa agus mé ag plé le teangacha nua.

**Viktor** Go raibh maith agat a Chillian. Bainfidh mé triail as *Duolingo* anocht agus feicfidh mé thú tráthnóna. Slán!


### Gluais

**leoga = go deimhin** **barraíocht = an iomarca**
**dúshlán** *challenge*

## Stór maith focal agat?

**Bain triail as an gcrosfhocal thíos!**

(Freagra ag deireadh na caibidle)



**Trasna**

3 in __ ____, ar chor ar bith (3, 4)
5 ar mo _____, ar mo chompord, ar mo randam (11)
7 go deimhin, gan amhras (5)
8 tástáil, iarracht (6)
9 an iomarca (10)

**Síos**

1 teanga Eorpach (7)
2 an tréimhse idir meán lae agus oíche (9)
3 aimpléiseach, deacair, gan a bheith simplí (5)
4 an bhliain seo caite (8)
6 stró, teannas, brú (5)





© Gael Linn

# Captain America: New World Order



Beidh Anthony Mackie ag iarraidh bróga Steve Rogers a líonadh ar an tríú lá de mhí na Bealtaine – le seoladh an scannáin nua *Captain America: New World Order*. Beidh an scannán seo ar an gceathrú scannán sa tsraith *Marvel*. Beidh Anthony bocht faoi bhrú leis an ról agus é ag aistriú ó ról an Falcon, ach is iontach an t-aisteoir é. Chris Evans a bhí mar *Captain America* don chéad trí scannán.

Mar a tharlaíonn i gcónaí, níl go leor de mhionsonraí an scannáin ar eolas ag an bpobal go fóill, ach é sin ráite, tuairiscítear go forleathan go mbeidh ceangail éagsúla idir an scannán nua seo agus *The Incredible Hulk* (2008). Tuigtear dúinn go mbeidh Indiana Jones féin – Harrison Ford – ag teacht isteach i ndomhan *Marvel* mar *Thunderbolt Ross* chomh maith.



Is cinnte go mbeidh éileamh mór ar an scannán seo ó gach cearn den domhan ar 3 Bealtaine 2024!

**Gluais**

**mionsonraí** *minute details*
**éileamh = tóir** *demand*

## Obair duit!

Scríobh alt gairid faoin méid atá ar eolas agat faoi scannáin *Captain America*.

# Le Mans 24




Cad é Coróin Thriarach an mhótarspóirt? Is éard atá i gceist agam anseo ná na rásaí mótarspóirt is mó clú ar domhan. Glactar leis go forleathan leis gurb iad *Grand Prix Monaco*, *Indianapolis 500* agus *24 heures de Mans* na rásaí sin.

Rás faoi leith is ea an *24 heures de Mans*. Tá sé go huile is go hiomlán difriúil i gcomparáid le rásaí eile. Buaitear na rásaí eile tríd an rás a chríochnú san am is giorra. Ach buaitear *24 heures de Mans* tríd an achar is faide a thiomáint taobh istigh de 24 uair an chloig.

Cuireann an rás seo brú mór ar na foirne carranna a úsáid a bhíonn idir ghasta agus daingean – tá an dá thréith sin riachtanach. Dá gcuirfí an iomarca béime ar luas an chairr bheadh gach seans ann go mbrisfeadh an carr síos i lár an rása! Cuireadh tús leis an rás seo sa bhliain 1923 agus, mar sin, is é an rás is sine ar domhan é. Cuirfidh *Automobile Club de l'Ouest* fáilte roimh gach duine i mbliana don 92ú *24 heures de Mans* ar 15 agus ar 16 Meitheamh 2024 an bhliain seo chugainn.


**Gluais**

**Coróin Thriarach** *Triple Crown*
**faoi leith = speisialta** **achar = fad** *distance*
**gasta = tapa** **riachtanach = ag teastáil go géar**




© Gael Linn

**Bainigí triail as an gcrosfhocal seo anois – bunaithe ar an alt thuas!**



**Trasna**

4 speisialta (4, 5)
5 tapa, sciobtha
7 cáil (3)
8 de dhíth go géar, ag teastáil go daingean (11)
10 go huile is __ _____ (2, 7)
11 fad, raon (5)
12 seasmhach, sláintiúil, láidir (8)

**Síos**

1 leitheadach, fairsing, leathan (10)
2 neamhchosúil, éagsúil (8)
3 ceann de mhíonna an tsamhraidh (9)
6 caoi, deis, faill (5)
9 barraíocht = an _____ (7)
10 an t-am is gairide = an t-am is _____? (6)




# Bígí ag caint!

**Beatha teanga í a labhairt, a deirtear. Tá sé riachtanach go mbeadh deis agat féin Gaeilge a labhairt sa bhliain atá romhat. Is cinnte go bhfuil bliain éagsúil, dhúshlánach romhat. Cé mhéad de na nithe sa liosta thíos atá á bpleanáil duitse agus do na daltaí eile san idirbhliain?**

*turas scoile* *comhlacht nua a bhunú*
*cuairt ar an Dáil* *obair charthanachta*
*turas go dtí an Ghaeltacht* *lá spóirt*
*cur isteach ar Chomórtas an Eolaí Óig*
*taithí oibre* *teanga nua a fhoghlaim*
*tionscadail in ábhair éagsúla*
*ceachtanna ar uirlis cheoil*
*clár raidió/teilifíse a chur le chéile.*

- An bhfuil aon phlean mór eile agaibh in bhur scoil i mbliana? Cad é féin?
- An bhfaca tú aon scannán Gaeilge riamh?
- An mbíonn tú ag féachaint ar TG4 nó ag léamh an nuachtáin ar líne, tuairisc.ie?
- Ar bhain tú úsáid riamh as na suíomhanna seo a leanas: focloir.ie; logainm.ie; téarma.ie?

# Bígí ag caint os ard!

**Ag obair le dalta eile i do rang, cuirigí na ceisteanna seo a leanas ar a chéile agus freagraíí iad.**

1 Cad is ainm duit?
2 Cén sloinne atá ort?
3 Cá haois duit? / Cén aois thú?
4 An bhfuil tú i do chónaí faoin tuath nó i mbaile mór?
5 Cén seoladh baile atá agat?
6 An bhfuil deartháireacha nó deirfiúracha agat?
7 Cén dath atá ar do shúile?
8 An raibh post páirtaimseartha agat riamh?
9 Ar mhaith leat post páirtaimseartha a fháil an samhradh seo chugainn?
10 An maith leat an idirbhliain?
11 An ndearna sibh aon tionscadal fós?
12 An bhfuil cairde nua agat san idirbhliain?
13 An mbeidh tú ag dul amach ar thaithí oibre?


© Gael Linn

14 Cén t-ábhar is fearr leat go dtí seo i mbliana?
15 An bhfuil an idirbhliain éigeantach sa scoil seo?
16 Ar mhaith leat a bheith sa chúigiú bliain anois?
17 Ar chaith tú tamall sa Ghaeltacht riamh?
18 An ndeachaigh tú thar lear riamh?
19 An mbeidh do rangsa ag dul ar thuras scoile thar lear i mbliana?
20 An dóigh leat gur cheart do gach duine i ngach scoil dara leibhéal an idirbhliain a dhéanamh?


**Gluais**

**éigeantach** *compulsory*

## Crosfhocal

**(Le déanamh i mbeirteanna!)**

**(Freagraí ag deireadh na caibidle)**



**Trasna**

1 bliain an-speisialta ar scoil! (11)
4 cleachtadh, eispéireas (6)
5 _____ teanga í a labhairt. (6)
8 obair _____, obair a dhéantar chun cabhrú le daoine bochta (13)
9 seans, caoi, faill (4)

**Síos**

2 an _____, áit a mbíonn baill an rialtais le feiceáil (4)
3 de dhíth, gá le(is) (11)
4 scéim oibre, tionscnamh (10)
6 duine atá cáilithe in eolaíocht éigin (5)
7 suíomh idirlín nó leabhar a thugann brí focal (7)

## Ag Éisteacht le Ceol!

Is beag duine nach gcuireann spéis sa cheol. Ar ndóigh, is iomaí saghas ceoil atá ann, ach is fíor a rá go meallann ceol, idir shean agus nua, daoine. Sa lá atá inniu ann tá teacht ar gach saghas ceoil ar an idirlíon – mar shampla, popcheol, ceol traidisiúnta, rac-cheol, ceol tíre, ceol tuaithe, miotal trom agus snagcheol.

Cloiseann daoine ceol ar bhealaí difriúla – ar an bhfón póca, ar an ríomhaire, ag ceolchoirm bheo, ag seisiún agus, ar ndóigh, ar an seinnteoir DVDanna.



Ba é Thomas Edison a chéadcheap an fónagraf sa bhliain 1877. Leis an bhfónagraf bhí sé in ann taifead a dhéanamh ar fhuaim agus an fhuaim sin a chur ar fáil dá lucht éisteachta. Smaoinigh ar an méid úsáide a bhainimid inniu as an bhfionnachtain sin!

Nach ábhar spéise é go bhfuil tóir mhór le tamall de bhlianta anuas ar cheirníní vinile! Ceapann go leor daoine go mbíonn an fhuaim níos fearr agus níos dílse orthu ná mar a bhíonn ar an idirlíon nó ar dhlúthdhioscaí. Tá daoine breá sásta íoc astu, pé scéal é. Ar ndóigh, is maith le daoine áirithe bailiúchán a bheith acu ar an tseilf agus deis a bheith acu an ceirnín a láimhseáil agus a chur ar siúl nuair a bhuaileann an fonn sin iad.

**Gluais**

**ceol tuaithe** *country music*
**ceol tíre** *folk music* **céadcheap** *invent*
**fionnachtain** *invention*

© Gael Linn




## Obair Bheirte

**Ag obair le comrádaí freagraígí na ceisteanna thíos ó bhéal.**

1 An maith leat éisteacht le ceol?
2 Cén sórt ceoil is mó a thaitníonn leat?
3 Cén t-amhrán nó píosa ceoil is mó a thaitníonn leat?
4 Cén bealach is fearr leat éisteacht le ceol?
5 An raibh tú i láthair ag ceolchoirm bheo?
6 An bhfuil ceol agat féin?
7 An bhfuil ceirníní vinile agat?
8 Cad iad na bealaí ina mbainimid úsáid as fionnachtain Edison sa lá atá inniu ann?

## Tréithe Daoine

Tá tréithe dár gcuid féin ionainn uilig. Cuireann duine garbh isteach orainn go léir agus is minic a ghortaíonn a leithéid go fisiciúil sinn.

Bíonn fáilte i gcónaí roimh dhaoine greannmhara nó rompu siúd a mbíonn féith an ghrinn iontu. Cuireann siad ag gáire muid agus bainimid sult as a gcomhluadar.

Cabhraíonn daoine tuisceanacha linn go léir, idir óg agus aosta. Léiríonn siad comhbhá le daoine eile.

Bíonn géarghá ag an duine faiteach le cúnamh agus le cúram. Is bocht an ní é faitíos a bheith orainn roimh ainmhithe, roimh dhreapadh thar bhalla, roimh fheithidí agus a leithéidí.

Is maith le múinteoirí a bheith ag obair le daltaí díograiseacha, mar éiríonn leo an-chuid a mhúineadh dóibh siúd a bhíonn sásta iarracht mhór a chur isteach san obair scoile.

Bíonn sé de chead ag daoine a bheith uaibhreach nó mórtasach as torthaí maithe, go háirithe nuair a thuigeann siad go mbíonn siad tuillte go maith acu.


Seo dhaoibh liosta eile focal a bheadh úsáideach chun cur síos a dhéanamh ar thréithe daoine. Cé mhéad díobh a thuigeann sibh? Cé mhéad acu ar féidir libh a chur in abairtí?

grámhar; cróga; truamhéalach; dínitiúil;
déistineach; mailíseach; mothaíoch;
cruálach; soineanta; saonta; béasach; dílis;
craiceáilte; drámatúil; fuinniúil; spreagúil;
spleodrach; gránna; cúthail

## Crosfhocal – Tréithe

**(Le déanamh i mbeirteanna!)**

(Freagraí ag deireadh na caibidle)




**Trasna**

1 leath as a mheabhair, greannmhar 11)
2 lán d'fhuinneamh, lán de neart/bhrí (9)
7 múinte, dea-mhúinte (7)
9 samhnasach (11)
10 lán de ghrá (7)
11 croíúil (10)

**Síos**

1 gan taise gan trua, turcánta (8)
3 uasal, maorga, mómhar (9)
4 dána, misniúil (5)
5 ionúin, grámhar, tairiseach (5)
6 simplí i meon, furasta a mhealladh (6)
8 scáfar, faiteach, támáilte (7)


© Gael Linn

# Rothair ar Ráillí!

Má tá suim agat i rothair agus i gcúrsaí eachtraíochta, b'fhiú duit dul go Coillte Mach, Contae Mhaigh Eo.



Na blianta ó shin bhí seirbhís traenach tríd an mbaile sin, ach cuireadh deireadh leis an tseirbhís sa bhliain 1963 agus bhí díomá an-mhór ar mhuintir na háite.

Le seasca bliain anuas bhíodh daoine ag breathnú ar ráillí an bhóthar iarainn agus ag ceapadh gur cheart úsáid a bhaint astu. Ní gá a rá go raibh an-chuid oibre ag teastáil chun na ráillí a ghlanadh, a dheisiú agus a ullmhú do thionscadal nua. Faoi dheireadh rinneadh é!



Ní mar a shíltear bhítear, áfach. Níl aon traein ar an líne anois. Ach tá córas taistil ann! Le linn an tsamhraidh i mbliana osclaíodh *Velorail* ar na ráillí.

Is smaoineamh simplí go maith é *Velorail*. Tógadh 'rothair' ar na ráillí. Bíonn troitheáin orthu mar a bhíonn ar ghnáthrothar, ach bíonn suas le ceathrar ag teastáil ar gach ceann chun an 'rothar' a bhogadh ar na ráillí.

Is breá le turasóirí an turas trí chiliméadar déag a dhéanamh. Tugann sé deis dóibh ceantar fíorálainn a fheiceáil. Chomh maith leis sin bíonn spraoi agus spórt acu ar na 'rothair'.

**Gluais**

**eachtraíocht** *adventuring*
**troitheán = uirlis choise** *pedal*

## Meaitseálaigí an t-eolas ar an taobh clé thíos le heolas ar an taobh deas.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | Coillte Mach | A | modh taistil |
| 2 | 1963 | B | daoine ar saoire |
| 3 | Velorail | C | fad na líne anois |
| 4 | trí chiliméadar déag | D | líon daoine ar féidir leo taisteal ar rothar |
| 5 | ceathrar | E | Baile i gContae Mhaigh Eo |
| 6 | turasóirí | F | an bhliain a thaistil an traein dheireanach ar an líne |
| 7 | córas taistil | G | córas ráillí do 'rothair' |

# Baile Shláine an Cheoil!

Tá clú agus cáil ar Chaisleán Shláine i gContae na Mí. Chomh luath is a luaitear an t-ainm Baile Shláine is ar cheol agus ar cheolchoirmeacha a smaoiníonn an-chuid daoine – in Éirinn agus thar lear. Ní haon é ionadh é sin, go deimhin.



© Gael Linn

Reáchtáladh an chéad cheolchoirm ar an suíomh álainn cois abhann na Bóinne sa bhliain 1981. An banna cáiliúil *Thin Lizzy* an príomhghrúpa ar an oíche. Agus cé a bhí mar bhanna tacaíochta ar an ócáid sin? Is ea, *U2!*



Sheinn *U2* trí huaire ar fad ar stáitse Bhaile Shláine!. Sheinn liosta fada bannaí cáiliúla eile san áit sin thar na blianta, bannaí mar *Metallica*, *The Rolling Stones*, Bob Dylan, Bruce Springsteen, *Guns 'N Roses*, *Red Hot Chilli Peppers*, Madonna; *Eminem*; *Kings Of Leon*, David Bowie, *Queen* agus *REM*.

Chomh luath is a dúnadh na meánscoileanna sa tír seo i Mí an Mheithimh seo caite bhí na mílte daltaí ag éirí sceitimíneach faoi cheolchoirm na bliana seo. D'éirigh go han-mhaith le Harry Styles agus chuir an t-atmaisféar agus ceol an gliondar ar an slua. Beidh cuimhne ag an lucht éisteachta ar an tsiamsaíocht agus ar an gcraic le fada an lá.

**siamsaíocht** *entertainment*



## Beagán taighde daoibh!

1 Cé atá ina chónaí sa chaisleán i mBaile Shláine?
2 Cén tubaiste a tharla sa chaisleán sa bhliain 1991?
3 Ainmnigh an grúpa a chum amhrán faoin tubaiste sin?
4 Cá fhad ó Bhaile Átha Cliath atá Baile Shláine?
5 An bhfuil stáisiún traenach i mBaile Shláine?
6 Conas a théann daoine chuig ceolchoirmeacha ann?
7 Cé mhéad a bhíonn i láthair ag ceolchoirm ann?
8 An bhfuil aithne agat ar éinne a bhí ag ceol-choirm ann?
9 An gcuireann na ceolchoirmeacha as do mhuintir an bhaile?
10 An mbíonn an caisleán ar oscailt don phobal?

## Bróga reatha



Tá rogha mhór bróga reatha ar fáil sna siopaí agus, ar ndóigh, ar líne, sa lá atá inniu ann. Tá cuid acu go mór san fhaisean agus cuid eile acu fíorchostasach. Tá daoine ann a chaitheann an-chuid airgid ar bhróga reatha, ar ndóigh. Agus caithfidh mé a rá go bhfuil rogha mhaith stíleanna agus dathanna ar fáil.

Le roinnt mhaith blianta leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le bheith ag siúl. Ba nós le daoine riamh a bheith ag siúl. Tá a fhios againn go maith nach raibh an dara rogha ag daoine ach a bheith ag siúl nó ag rothaíocht sular éirigh carranna príobháideacha an-choitianta.


© Gael Linn

Tháinig athrú ar shaol daoine nuair a bhí deis acu suí isteach i gcarr agus dul pé áit ar mhian leo. Tar éis tamaill bhí fadhb ann, áfach. Bhí an iomarca tráchta ar bhóithre agus brú tráchta go minic i gcathracha agus i roinnt bailte móra ar fud na tíre.

De réir a chéile thuig roinnt daoine go mbeadh sé ní ba thapúla siúl. Bhí sé seo fíor i mBaile Átha Cliath, go háirithe do dhaoine a raibh cónaí orthu fiche nó tríocha nóiméad ó stáisiún traenach. Bhí fadhb ag cuid acu, áfach, go háirithe ag mná. Ní raibh na bróga a bhí á gcaitheamh acu oiriúnach mar bhróga siúlóide. An réiteach? Bróga reatha!

## Obair bheirte

1 Cé mhéad de na nithe seo a leanas a chaitear ar na cosa?

*stocaí; miotóga; slipéirí; scaifeanna; buataisí; riteoga; lámhainní.*

2 Ar thug sibh faoi deara go bhfuil trí bhrí éagsúla leis an mbriathar 'caith' sa sliocht thuas?

### An dtuigeann sibh an bhrí atá leis an mbriathar 'caith' sna habairtí seo a leanas?



1 Chaith Sorcha a cuid airgid ar fad ar charr nua
2 Caithfidh Nóra an Nollaig seo chugainn i Meiriceá lena haintín, Síle.
3 'Tá sé a hocht a chlog' arsa an mháthair leis na páistí, 'Caithfidh sibh dul a chodladh anois.'
4 'Caith chugam an liathróid,' arsa Daid lena mhac.
5 An bhliain seo caite chaith Pádraig trí seachtaine sa Ghaeltacht.
6 Níl cead toitíní a chaitheamh i mbialann in Éirinn.
7 D'oibrigh mo dheirfiúr mar au pair le teaghlach sa Spáinn. Bhí sí an-sona, mar bhí an teaghlach go deas agus chaith siad go maith léi.
8 Chaith an t-imreoir an liathróid thar an trasnán.

# Oideas duit!



**Bhí sméara dubha ar fáil go flúirseach in áiteanna ar fud na tíre i mbliana. Seo oideas do mhilseog bhlasta atá éasca le déanamh!**

**Comhábhair**

125 g sméara dubha
125g fraocháin ghorma
150 ml uachtar
2 spúnóg bhoird meala
1 spúnóg bhoird sú oráiste
300 ml íogart
1 spúnóg almóinní gearrtha tóstáilte

**Modh**

1 Cuir na halmóinní faoi ghreille the ar feadh cúpla nóiméad chun iad a thóstáil. Ansin fág ar leataobh ar phláta iad.
2 Cuir na sméara dubha isteach i sáspan agus téigh ar an sorn iad ar feadh dhá nó trí nóiméad.
3 Bain an sáspan den teas agus cuir na fraocháin ghorma leo. Corraigh iad.
4 Buail an t-uachtar, cuir an mhil leis agus buail le chéile arís iad.
5 Cuir an sú oráiste leo.
6 Fill an íogart isteach sa mheascán.
7 Roinn na sméara, na fraocháin agus an sú atá leo amach i gceithre mhias.

© Gael Linn

8 Doirt an meascán uachtair agus íogairt anuas orthu.
9 Scaip na halmóinní ar an mbarr.
10 Cuir na miasa sa chuisneoir ar feadh dhá uair an chloig nó mar sin.

**Bainigí taitneamh as an milseog bhlasta!**

**Gluais**

**fraocháin** *bilberries* **mias** *dish* **corraigh** *stir*

# Fíor nó bréagach?



**Léigh na habairtí seo a leanas agus abair i gcás gach ceann díobh an bhfuil sí fíor nó bréagach. Má tá an abairt bréagach scríobh síos an leagan fírinneach.**

1 Bíonn sméara dubha aibí in Éirinn i Mí Mheán Fómhair.
2 Is féidir le sorn a bheith ag obair ar ghás nó ar leictreachas.
3 Ní fhásann fraocháin ghorma in Éirinn.
4 Is féidir mil Éireannach a cheannach sna siopaí.
5 Tá sé deacair almóinní a dhó faoin ngreille.
6 Ní féidir an mhilseog seo a fhágáil sa chuisneoir níos faide ná dhá uair an chloig.



**Freagra!**

Tá na habairtí ag 3, 5 agus 6 thuas bréagach.

# Geit!



Is mise Seán agus tá mé ceithre bliana déag d'aois. Tá cónaí orm i nDroichead Átha – agus mé sa triú bliain i gColáiste Phádraig. Tá seisear ar fad inár dteaghlach.

Imrím iománaíocht agus peil do na Piarsaigh. Is lántosaí mé agus déanaim mo sheacht ndicheall cúilíní is cúil a scóráil gach Satharn!

Dé Luain seo caite chuaigh mé ag siúl le mo mhadra, Breac, thart ar a cúig a chlog tráthnóna. Faoi mar a tharla, bhí liathróid bheag agam, a chaith mé amach uaim. Rith Breac ina diaidh agus rug sé uirthi lena chuid fiacla. Rith sé ar ais chugam agus d'fhág sé an liathróid ag mo chosa. Ba chluiche é sin, a thaitin go mór leis. Ní raibh mórán scamall sa spéir, cé go raibh sé ag éirí pas beag dorcha. Bhíomar i lár coille faoin am seo agus, nuair a chaith mé an liathróid uaim, d'imigh sí isteach sa scrobarnach faoi scáth na gcrann.

Gan choinne, chuala mé daoine agus iad ag caint os íseal. D'fhill Breac orm gan an liathróid agus ba léir go raibh eagla air. Le luas lasrach chuaigh mé i bhfolach sa scrobarnach agus greim daingean agam ar Bhreac. Bhí eagla an domhain ar Bhreac agus ní raibh gíog ná míog as. Níorbh fhada


© Gael Linn

go bhfaca mé triúr fear – púicíní orthu agus iad ag rómhar le sluaistí. Nuair a bhí an poll domhain go leor, d'íslígh siad trí mhála isteach ann.

Bhí mo chroí i mo bhéal faoin am seo agus crith cos agus lámh orm. Shiúil mé siar go mall réidh go dtí gur shroich mé páirc oscailte. Chaith mé Breac isteach san fhéar agus thugamar na cosa linn go dtí an príomhbhóthar. Cheangail mé an iall de Bhreac agus ritheamar a fhad le cúldoras mo thí. Bhí giorra anála ormsa agus ar an madra bocht faoin am seo.



Chuir Mam i mo shuí mé ar an tolg. Thug sí cupán tae dom agus, tar éis cúpla nóiméad, d'inis mé an scéal ar fad di. Chuir Mam glao ar na Gardaí agus, taobh istigh de chúig nóiméad, bhí scuadcharr ag an teach. Scríobh Garda óg mo chuid eolais ina leabhar nótaí agus ghabh sé buíochas liom.

Bhí an scéal ar fad ar *Nuacht a Sé* an lá ina dhiaidh sin. Gadaithe aitheanta ab ea na fir a chonaic mé sa choill. Bhí siad ag briseadh isteach i dtithe ar fud an chontae le ceithre mhí roimhe sin – ag goid airgid agus seodra agus ag scriosadh tithe. Agus céard a bhí sna malaí a chuir siad i bhfolach sa talamh ach an t-ábhar luachmhar a ghoid siad ó na tithe! Níor luadh m'ainm riamh ar an raidío, ar an  teilifís ná i nuachtán ar bith. Mhínigh na Gardaí dom gurbh fhir bhaolacha iad na buirgléirí agus gurbh fhearr dom gan baint dá laghad a bheith agam leo. Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an lá sin. mise ag rá leat!

**Gluais**

**pas beag = píosa beag**
**gan choinne = go tobann**
**scrobarnach = toir** *(bushes)* **ísle ag fás i measc crann**
**púicín = masc**   **rómhar** *digging*
**sluaistí** *shovels*

# Teagmháil le cara!

Hi, a Jamie!

Ciara anseo. Conas tá cúrsaí leatsa? Conas tá ag éirí leat ar scoil? Tá muidne ag treabhadh linn anseo, buíochas le Dia. Fuair mo dheartháir, Seán, áit in Ollscoil na Gaillimhe agus tá céim ghnó á déanamh aige. Is aoibhinn leis Gaillimh – agus an cúrsa  freisin. Níl Daid róshásta nach bhfuair Seán áit in Ollscoil Chorcaí, gar dár dteach cónaithe, mar tá an cíos an-ard i nGaillimh.



Sin an méid nuachta atá agam duit anois, creid é nó ná creid.

Cronaím go mór thú, Jamie. Seol ríomhphost chugam nó glaoigh orm, le do thoil.

Le meas an-mhór,

Ciara.

## Obair duit!

**Lig ort gur tusa Jamie agus go bhfuair tú an teachtaireacht thuas ó Chiara. Scríobh teachtaireacht chuici mar fhreagra agus déan iarracht ardú meanman a thabhairt di.**

**Gluais**

**cronaím thú** *I miss you*
**ardú meanman** *raising of spirits*

© Gael Linn

# Comhrá daoibh!

**Máirtín** Tá scéal agam duit, a Stiofáin – scéal mór!

**Stiofán** Scéal mór, a Mháirtín? Cén scéal é sin?

**Máirtín** Bhuel, a Stiofáin, beimid ag dul go Londain an deireadh seachtaine seo chugainn – gach mac máthar againn!

**Stiofán** Go Londain? Cad chuige? Cén fáth a bhfuil sibh ag dul go Londain?

**Máirtín** Bhuaigh Mam dearbhán do dhá oíche do chúigear in óstán galánta i gcomórtas éigin.

**Stiofán** Sin scéal iontach, a Mháirtín. Céard a bheidh á dhéanamh agaibh i Londain?

**Máirtín** Beidh mé fein agus Daid ag dul chuig cluiche idir Chelsea agus Brighton, mar is aoibhinn le Daid Chelsea.

**Stiofán** Ceard a dhéanfaidh do Mham agus do dheirfiúracha, Nóra agus Lisa?

**Máirtín** Ó, a dhiabhail! Níl tuairim dá laghad agam, a Stiofáin! Is cinnte go rachaidh siad ag siopadóireacht, is dócha. Deirtear go bhfuil an-chuid siopaí móra i Londain.

**Stiofán** Cad a dhéanfaidh sibh istoíche?

**Máirtín** Beidh dinnéar againn san óstán oíche Dé hAoine agus oíche Dé Sathairn, ach taobh amuigh de sin, cá bhfios?

**Stiofán** Nach mbíonn seónna iontacha ar siúl sa *West End?*

**Máirtín** Sin smaoineamh maith, a chara. Pléifidh mé é sin leo ar fad anocht. Céard a bheidh á dhéanamh agat féin ag an deireadh seachtaine?

**Stiofán** Fíorbheagán, dáiríre! Íosfaidh mé dinnéar mór oíche Shathairn. Cuirfidh mé mo chosa in airde ansin agus féachfaidh mé ar scannán éigin. Bím scriosta i ndiaidh na hoibre sa phost páirtaimseartha atá agam.

**Máirtín** Is trua sin, ach ar a laghad, beidh do chuid pócaí lán ag deireadh na bliana!

**Stiofán** Is dócha go mbeidh.

**Máirtín** Ceard a dhéanfaidh tú leis an airgead go léir?

**Stiofán** Ceannóidh mé rothar nua, is dócha, Tá an seancheann ag titim as a chéile.

# An Danóib Ghorm!

**(Éistigí agus breathnaíge ar *The Blue Danube* ar YouTube sula léann sibh an sliocht seo.)**

Rugadh Johann Strauss i Vín, san Ostair, sa bhliain 1825. Bhí an ceol san fhuil aige, mar ba chumadóir é a athair, Johann Strauss, freisin! Ba é an t-athair a thosaigh ag cumadh válsaí ar dtús agus, sula i bhfad, bhí an-tóir go deo ag an bpobal ar na válsaí céanna.



Chuir an t-athair brú ar a mhac gan dul leis an gceol mar shlí bheatha, ach theip glan air! D'fhoghlaim Johann Óg an veidhlín i ngan fhios dá athair agus, faoin mbliain 1844, bhí ceolfhoireann dá chuid féin aige! Sheinneadh an t-athair agus an mac go minic le chéile ina dhiaidh sin!

Chum deartháireacha Johann Óig, Eduard agus Josef, valsaí agus polcaí freisin. Ba é an píosa ba mhó cáil a chum an t-athair ná an *Radetsky March*. Cailleadh sean-Johann sa bhliain 1849.

Sa bhliain 1856 ghlac Johann Óg le cuireadh ó chomhlacht iarnróid i gCathair Pheadair ceol a sheinm ag an gceann cúrsa. D'éirigh go hiontach leis na seisiúin sin agus thug ceofhoireann Strauss os cionn dosaen cuairt eile ar áiteanna ar fud na Rúise.

Pósadh Johann le Henriette Chalupetsky agus, bliain ina dhiaidh sin, ceapadh é ina stiúrthóir ar bháil an rítheaghlaigh. Cailleadh Henriette sa bhliain 1878 agus, taobh istigh de dhá mhí,


© Gael Linn

pósadh Johann leis an mbean óg, Angelika Dittrich, ach scar siad ó chéile taobh istigh de cheithre bliana! Chum Johann thart ar 200 válsa agus is e an ceann is mó cáil ná *The Blue Danube*. Fuair Johann Strauss bás sa bhliain 1899.

**Gluais**

**Vín** *Venice* **polca** *polka*
**Cathair Pheadair** *St Petersburg*
**bál** *ball* **(seisiún rince)** **rítheaghlach** *royal family*

# An Mairnéalach Óg!




1 Ar 10 Nollaig 1901 shiúil mairnéalach óg ceithre bliana is fiche d'aois taobh le dugaí Chuan Lyttelton sa Nua-Shéalainn. Agus é ag siúl lena mhála ar a ghualainn, ní raibh tuairim faoin spéir ag Tom Crean faoin saol a bhí i ndán dó. Sular shiúil sé suas an clord, smaoinigh sé siar ar na seacht mbliana roimhe sin, a chaith sé sa Chabhlach Victeoireach.

2 Léigh sé an póstaer earcaíochta do Chabhlach na Breataine sa bhaile in Abhainn an Scáil, Contae Chiarraí agus bhíog an t-eolas ar an bpostaer samhlaiocht an deagóra, sé bliana déag d'aois. Bhí muintir Tom beo bocht agus gan faic le déanamh aige sa bhaile. Chreid sé go mbeadh saol ní b'fhearr agus cairde nua aige. Ní mar sin a tharla, áfach. Cuireadh ar an long traenála, *HMS Impregnable*, é agus ba dhian an saol a bhí aige.

3 Bhí áiseanna codlata na mbuachaillí ag bun na loinge dorcha, fuar agus tais. Dá mbeadh cnaipe ar iarraidh nó iall scaoilte ar bhróg thabharfaí 12 nó 24 lasc de shlat dó! Sa bhliain 1894 chuaigh Tom ar bord na loinge *HMS Wild Swan* ar a chéad turas go cósta an Aigéin Chiúin. Tar éis trí mhí ar an bhfarraige shroich an long Valparaiso sa tSíle agus cuireadh Tom ar bord *HMS Satellite* chun dul go Nicaragua.

4 Arís is arís eile bogadh Tom anseo is an siúd ar fud na cruinne ón gCiorcal Artach ó thuaidh a fhad leis na gCiorcal Antartach ó dheas. Tús crua a bhí sna blianta a chaith Tom Crean i gCabhlach na Breataine. Sa bhliain 1898 chuaigh sé ar bord *HMS Ringarooma* agus i nDeireadh Fómhair na bliana 1901 shroich an long Sydney na hAstráile. Tháinig an long i dtír lámh leis an long *Discovery*. An taiscéalaí Robert Falcon Scott a bhí i gceannas ar an long sin. Dhá bhliain déag ina dhiaidh sin chuaigh Crean in éineacht le Scott go Pálás Buckingham agus bronnadh Bonn Albert orthu beirt toisc go raibh siad chomh cróga sin nuair a tharrtháil siad Edward Evans ar an turas taiséalaíochta, *Terra Nova*.



**Gluais**

**mairnéalach** *sailor* **cuan = calafort** *harbour*
**clord** *gangway* **cabhlach = loingeas cogaidh** *fleet*
**earcaíocht** *recruitment* **bíog = dúisigh**
**i dtír** *ashore* **taiscéalaí** ***explorer***
**tarrtháil= sábháil**

© Gael Linn

## Ceisteanna duit!

1 Cad iad na nithe a raibh Tom Crean ag smaoineamh orthu le linn dó a bheith ag siúl taobh le dugaí Chuan Lyttelton? (Alt 1)

2 (a) Cén t-eolas a fuair Tom ar an bpóstaer a chonaic sé agus é óg? (Alt 2)
(b) Cén sórt saoil a bhí ag Tom agus a mhuintir? (Alt 2)

3 (a) Tabhair pointe amháin eolais faoi choinníollacha na mbuachaillí ar an long traenála, *HMS Impregnable*. (Alt 3)
(b) Conas a thaistil Tom go Valparaiso? (Alt 3)

4 (a) Cén bhaint a bhí ag *HMS Ringarooma* le scéal Tom? (Alt 4)
(b) Luaigh an t-éacht mór a rinne Tom Crean agus Robert Falcon Scott le chéile? (Alt 4)

# An Bhuíóg (An Siobháinín Bhuí)



Is éan beag álainn í an bhuíóg a chloistí go minic sna fálta cois bóthair in Éirinn fadó. Ní rómhinic a chloistear anois í, faraor. Ní nach ionadh, bíonn clúmh na buíóige thar a bheith buí agus geal. Bíonn sí an-chosúil leis an gcanáraí, dáiríre. Is é an t-aon difríocht ná na marcanna beaga dubha timpeall na súl agus na leicne.

Ní bhíonn an t-éan baineann chomh geal ná chomh buí leis an gceann fireann – le marcanna donna ar fud an bhrollaigh. Bíonn na héin óga caol agus tanaí – iad thar a bheith donn agus gan mórán den bhuí orthu. Bíonn an bhuíóg thart ar 15cm nó 17cm ar fad, le réise sciathán 20cm go 30cm.

Bíonn corp mór ag an éan beag seo – agus gob tiubh mar a bhíónn ar na héin go léir a itheann síolta de lá is d'oíche. Is í an aiste bia a bhíonn ag an Siobháinín Bhuí ná síolta – mar aon le feithidí beaga – agus damháin alla uaireanta. Bíonn an aiste bia seo lán de phróitéin, ar ndóigh.



Le linn an Gheimridh tagann na buíóga beaga le chéile in ealtaí – in éineacht le héin eile a itheann síolta. Caitheann siad a gcuid ama ag cuardach bia ar fud na háite. Le titim na hoíche filleann siad ar neadacha comónta. San Earrach agus go luath sa Samhradh eitlíonn an bhuíóg fhireann go barr crainn agus líonann sé sn t-aer lena ghuth binn – a mbíonn fuaim dheas mar chiz-iz-iz-iz-iz-zee air.

Is í an bhuíóg bhaineann a dhéanann an nead, leagtha amach mar chupán ar an talamh, ar phort abhann nó faoi cheilt i bhfál. Déantar an nead as féar nó as caonach agus fágann an mháthair trí nó ceithre ubh bhána sa nead. Tagann na héin óga ar an saol tar éis 11 nó 14 lá. Bíonn siad gleoite!

**Gluais**

**fál** *hedge* **clúmh = cleití beaga**
**baineann** *female* **fireann** *male* **réise** *span*
**aiste bia** *diet* **ealta** *flock of birds*
**comónta** *common, shared*
**caonach = bogach** *moss*


© Gael Linn

# Féile Bram Stoker

1 Tá clú agus cáil ar an údar, Bram Stoker, as an úrscéal *Dracula* a scríobh. Beidh féile i gcuimhne ar Stoker ar siúl ina chathair dhúchais, Baile Átha Ciath, ag deireadh na míosa seo. Anuraidh, bhí ceiliúradh deich mbliana ann ó bunaíodh an fhéile.



2 I measc na n-imeachtaí scanrúla a bheas ag titim amach i mbliana, beidh *Stokerland* ar siúl i bPáirc Phádraig. Cé go bhfuil *Stokerland* dírithe ar pháistí faoi 12 den chuid is mó, beidh spórt agus spraoi ann don teaghlach uile – drámaí, greann agus turais bhia san áireamh. Níl sé rómhall fós do chuid céimeanna damhsa a chleachtadh le haghaidh an *Monster Mash*!

3 Beidh an fhéile ar siúl i mbliana ó 27 go 30 Deireadh Fómhair. Cé nach dtiocfaidh Bram Stoker féin ar ais ó mhairbh, beidh go leor vaimpírí agus taibhsí le feiceáil timpeall na cathrach! Tabhair leat go leor gairleoige ar eagla go mbeadh sé ag teastáil! Bíodh eagla ort, bíodh an-eagla ort!

**Gluais**

**a bheas = a bheidh** **gairleog** *garlic*

### Líon isteach na bearnaí thíos

1 clú agus ____ (Alt 1)
2 a bheas ag ____ amach (Alt 2)
3 ar ais ó _____ (Alt 3)

# The Marvels

1 Is scannán sárlaochra é *The Marvels* ina bhfuil fadhb ag Captain Marvel nó Carol Danvers, Monica Rambeau agus Kamala Khan nó Ms. Marvel. Aon uair a úsáideann siad a gcuid cumhachtaí éiríonn an triúr acu measctha suas agus glacann siad áit a chéile.

2 Tá Brie Larson ar ais ina ról mar Carol Danvers – ról a bhí aici den chéad uair sa scannán *Captain Marvel* (2019). Is í Teyonah Parris a ghlacann páirt Monica Rambeau – agus tá Iman Vellani mar Kamala Khan. Tá Samuel L Jackson ar ais freisin mar Nick Fury, iar-stiúrthóir *S.H.I.E.L.D.*



3 Is féidir le Danvers solas a thógáil isteach inti féin, tig le Rambeau an solas a fheiceáil agus tá Kamala in ann rudaí a chruthú as solas! Caithfidh na sárlaochra seo a bheith ag obair as lámha a chéile anois chun an chruinne a shábháil ó na *Kree*, atá ag iarraidh gach pláinéad a scriosadh. Beidh *The Marvels* le feiceáil i bpictiúrlanna na hÉireann ar 10 Samhain.

**Gluais**

**sárlaoch** *superhero*
**cruinne = domhan** *universe*

## Fíor nó bréagach?

1 Is í Carol Danvers Ms. Marvel. (Alt 1)
2 Is iar-stiúrthóir de chuid *S.H.I.E.L.D.* é Nick Fury. (Alt 2)
3 Beidh an scannán seo sna pictiúrlanna ar 10 Deireadh Fómhair. (Alt 3)

© Gael Linn

# JLS

1 Tháinig an grúpa *JLS* ar an ardán den chéad uair sa bhliain 2009, nuair a d'imigh an t-amhrán *Beat Again* díreach go barr na gcairteacha singil! Lean siad orthu le ceithre shingil eile ag uimhir a haon: *Everybody In Love*, *The Club Is Alive*, *Love You More* agus *She Makes Me Wanna!*




2 Bhris an banna suas go hoifigiúil sa bhliain 2013, ach tháinig siad ar ais díreach tar éis dá n-albam *Greatest Hits* teacht amach! Lean na buachaillí orthu ag déanamh ceoil go haonarach, ach d'fhan siad cairdiúil le chéile le linn an ama. D'fhógair siad ansin, sa bhliain 2020, go mbeadh siad ag teacht ar ais le chéile, rud a rinne siad le camchuairt 29 n-oíche timpeall na Breataine agus na hÉireann sa bhliain 2021.

3 Cé nach buachaillí óga iad a thuilleadh, beidh an banna buachaillí seo – Aston Merrygold, JB Gill, Marvin Humes agus Oritsé Williams – ag seinm cúig oíche in Éirinn ag tosú sa *3Arena* i mBaile Átha Cliath ar 20 Deireadh Fómhair! An mbeidh tú féin ann?

## Ceist agam ort

1 Cén bhliain a thosaigh *JLS* ag seinm le chéile? (Alt 1)
2 Cá mhéad oíche camchuairte a rinne siad sa bhliain 2021? (Alt 2)
3 Cá mbeidh siad ag seinm ar 20 Deireadh Fómhair? (Alt 3)
4 An bhfuil lá na mbannaí buachaillí thart anois, dar leat? An dtaitníonn *JLS* leat?

# Corn Rugbaí an Domhain 2023

1 Cuireadh tús le Corn Rugbaí an Domhain sa Fhrainc an mhí seo caite. Tá trí chluiche imeartha ag Éirinn cheana féin – i gcoinne na Rómáine, Thonga agus na hAfraice Theas.

2 Beidh na hÉireannaigh ag imirt in éadan na hAlban Dé Sathairn 7 Deireadh Fómhair, ach tá aon chluiche déag eile le himirt fós ag na foirne sa chomórtas, a chríochnóidh leis an gcluiche ceannais ar 28 Deireadh Fómhair.

3 Tá Éire ag barr rangú rugbaí an domhain le bliain nó mar sin anuas agus tá scuad láidir againn. Ach tá go leor foirne láidre eile sa chomórtas, amhail an Fhrainc féin, an Afraic Theas, Sasana, Albain, an Astráil agus, ar ndóigh, an Nua-Shéalainn.



Ba dheas foireann na hÉireann a fheiceáil ag imirt sa Stade de France ag deireadh na míosa, ach pé foireann a bhuann Corn Rugbaí an Domhain, más leantóir rugbaí thú, is cinnte gur bhain agus go mbainfidh tú taitneamh iomlán as an bhféasta mór rugbaí seo i mbliana!

**Gluais**

**rangú** *ranking*

## Fuascail na hAnagraim Seo ón Sliocht!

atiaehrm (Alt 1)
ncsainea (Alt 2)
mnteihata (Alt 3)


© Gael Linn

# Center Parcs san Fhómhar


1 Ní minic gur féidir linn a bheith ag brath ar an aimsir le haghaidh saoire in Éirinn. Thosaigh an Samhradh amach go maith i mbliana, ach d'fhill an fhearthainn i mí Iúil.

2 Ní bhímid ag dréim leis an teas sa tír seo san fhómhar, ar ndóigh, ach tá ionad saoire amháin ann, inar féidir le duine snámh in uisce breá te am ar bith den bhliain – agus is é sin Center Parcs. Is féidir go leor gníomhaíochtaí uisce a dhéanamh sa pharthas fothrópaiceach snámha atá ann, mar shampla.

3 Más mian leat triail a bhaint as boghdóireacht, galf nó damhsa, beidh rud éigin anseo a thaitneoidh le gach duine. Tá Center Parcs suite i bhForaois an Longfoirt in aice le Baile Uí Mhatháin. Agus é beagnach i lár na tíre, ní thógfaidh sé rófhada ort taisteal ann – ó aon áit in Éirinn. Más mian leat sos taitneamhach a bheith agat don bhriseadh lár téarma, seo an áit le dul!

## Crosfhocal daoibh!

(Freagraí ag deireadh na caibidle!)




**Trasna**

1 malairt bhrí (contrárthacht) an fhocail 'fuacht' (4)
4 le linn 2023; i _____ (7)
7 ag scaoileadh saighead as bogha (13)
10 breá te, mar a bheadh sna trópaicí (14)
11 sultmhar (12)
12 sos ón obair ar feadh tamaill (6)

**Síos**

2 ag gluaiseacht san uisce, ag _____ (5)
3 na flaithis (7)
5 séasúr na Samhna (6)
6 báisteach (10)
8 coill mhór (7)
9 rince (6)

# Faisean Fauna

1 Thosaigh an dearthóir éadaigh, Nadia Cruikshanks, a gnó **fauna.ie** ag dearadh éadaí do leanaí. Bhog sí ar aghaidh ansin le T-léinte a dhéanamh do pháistí níos sine. Sa deireadh, d'iarr daoine fásta uirthi éadaí a dhearadh dóibhsean agus thuig sí ansin go raibh margadh ann di!

2 Is léir gur breá le Nadia ainmhithe, mar tá siad le feiceáil ar a cuid táirgí uile. Déanann sí féin an dearadh agus an tarraingt agus baineann sí úsáid as ábhar orgánach, athchúrsáilte agus dúch uiscebhunach. Mar sin, oireann sé sin go mór do chaomhnú na timpeallachta.

3 Chomh maith le héadaí tá priontaí agus cártaí beannachta ar fáil ó Fauna anois freisin. Más mian leat pictiúr deas de mhoncaí nó tíogar le cur ar do bhalla, mar sin, is cinnte go mbeidh éad ar do chairde! Tá cártaí deasa acu fosta le cnámharlach ialtóige mar shampla. Foirfe le haghaidh Oíche Shamhna!

**Gluais**

**dearthóir** *designer* **táirge = earraí** *products*
**tarraingt = rianú** *drawing*
**uiscebhunach** *water-based*
**cnámharlach ialtóige** *skeleton of bat*



## Tasc beag duit

Dear cárta beannachta nó ball éadaigh le haghaidh Oíche Shamhna atá bunaithe ar ainmhí. Cén saghas ábhair a mbainfidh tú úsáid as? Seans go bhféadfá féin gnó a thosú leis seo!

© Gael Linn

# Ar an tSráid


(Scéal Grafach – Cuid a hAon)






© Gael Linn

# Ar an tSráid (ar leanúint)




Katie Fleming

© Gael Linn

# Ar an tSráid (Téacs an scéil)
## (Cuid a hAon)

Bhí Caolán fuar. Bhí sé an-fhuar go deo. Ní raibh cuimhne riamh aige ar fhuacht den chineál sin – fuacht a chuaigh isteach i smior a chnámh agus a d'fhág crith go domhain istigh iontu. Bhí an crith chomh holc sin go raibh sé deacair air seasamh go siúlfadh sé thart nó go ndéanfadh sé faiteadh le teas a chur ina chorp arís. Tharraing sé a chóta thart air agus rinne é féin a chúbadh isteach i ndoras siopa leis an gcuid ba mheasa den ghaoth pholltach a sheachaint.



Ní raibh an saol i gcónaí chomh hainnis sin aige. Bhí cuimhne aige ar am nuair nach raibh ach sonas ina shaol – b'in an t-am a bhí a mháthair, Joanne, beo. Ní raibh sa teaghlach ach é féin agus a thuismitheoirí agus ní raibh díth ná díobháil orthu. Ansin, buaileadh tinn a mhamaí.

Ba bheag tuiscint a bhí aige ar an bhfocal 'ailse' nuair a chuala sé den chéad uair é, ach chuaigh sé i dtaithí mhaith air in imeacht na mblianta a raibh sí breoite.

Nuair a cailleadh a mháthair, mhothaigh an buachaill óg uaigneas agus brón. Mothúcháin iad sin nach raibh mórán taithí aige orthu agus a chuir mearbhall air. Rinne sé iarracht labhairt lena athair fúthu, ceisteanna a chur air, míniú éigin a fháil ar an gcorraí a bhí ann, ach ní raibh a athair in ann cabhrú leis.

Go gairid i ndiaidh dá bhean bás a fháil, chuaigh fear an tí leis an ól. Níor drochdhuine é a athair, ach bhí sé caillte briste é féin agus ní raibh sé ábalta déileáil leis an gcumha ná leis an mbriseadh croí a mhothaigh sé féin.

D'éirigh an t-ólachán ní ba mheasa agus, roimh i bhfad, ní raibh a athair ábalta aire mar ba cheart a thabhairt do Chaolán. Uaireanta, nuair a bhíodh frustrachas air, bhuaileadh a dhaid é. Bhíodh brón air i gcónaí ina dhiaidh. Ghabhadh sé leithscéal lena mhac agus ghealladh sé nach dtarlódh a leithéid riamh arís. Ach, más rud ar bith é, d'éirigh sé ní ba mheasa. Roimh i bhfad, ní raibh Caolán in ann cur suas leis an saol sa bhaile agus d'imigh sé.

Seachtain a bhí caite ar na sráideanna aige, seachtain uaigneach, seachtain fhuar.

Bhí sé déanach san oíche agus a shúile ag dúnadh leis an tuirse, nuair a chuala sé trup píosa beag uaidh. D'oscail sé a shúile de gheit agus chonaic meall mór dubh – duine, thart ar dhá mhéadar uaidh. Bhí solas taobh thiar den duine agus ní raibh sé ábalta a aghaidh a dhéanamh amach. Gheit sé. Cé a bhí ann? Gadaí? Duine a bhí ag gabháil do dhrugaí?

Rinne sé iarracht seasamh, ach theip air. Bhí sé sioctha ag an eagla.

### Gluais

**smior** *marrow* **crith** *shudder*
**faiteadh = bogadh** **cúb** *curl up*
**polltach = feanntach** *piercing*
**ainnis = dearóil** *miserable*
**díth/díobháil = easpa**
**mearbhall = tranglam** *confusion*
**corraí** *upset*
**trup = torann** **meall mór** *big shape*


© Gael Linn

# Ar an tSráid – Obair daoibh!




**Éistigí leis an scéal á léamh ag an múinteoir agus sibh ag féachaint ar na pictiúir sa scéal grafach.**

**Freagraígí na ceisteanna seo a leanas.**

1 Conas a mhothaigh Caolán an oíche sin?
2 Cén úsáid a bhain sé as a chóta?
3 Cá raibh sé?
4 Scríobh abairt amháin faoin sórt saoil a bhí ag Caolán fadó.
5 Cé a bhí beo ag an am sin agus céard a tharla di?
6 An mó duine a bhí sa teaghlach?

**Cúpla tasc daoibh – Obair Bheirte**


- Scríobhadh gach duine agaibh cúpla abairt faoi dhuine a chonaic sibh ina luí ar an tsráid.
- Léigí amach an cuntas sin dá chéile.
- Léadh gach duine agaibh do chuntas féin os comhair an ranga.

**Cuir críoch leis an scéal seo thíos. (Alt!)**

- Chuir mé iontas sa chailín a bhí ina luí taobh amuigh den siopa.

**Ceisteanna eile daoibh!**

1 "Mothúcháin iad sin nach raibh mórán taithí aige orthu agus a chuir mearbhall air. Rinne sé iarracht labhairt lena athair fúthu..." Cad iad na mothúcháin a bhí i gceist?
2 Conas a d'éirigh le Caolán nuair a chuaigh sé chun cainte lena athair?




1 Cé atá sa phictiúr thuas ar chlé, dar leat?
2 Cén cruth a bhí ar an duine sin?
3 Cad chuige nach raibh Caolán in ann é a fheiceáil go soiléir?
4 Cérbh é an duine sin, de réir na smaointe a rith trí intinn Chaoláin? Bíodh dhá thuairim i do fhreagra agat.
5 Cén fáth nach raibh Caolán ábalta seasamh in airde?

© Gael Linn

# Cluastuiscint (CD1) (Scríobh na freagraí i do chóipleabhar.)

## CUID A

**Cloisfidh tú dhá cheann d'fhógraí raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.**

### Fógra a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| Rud a tharlóidh go luath | |
| Deacracht a bhíonn ag mic léinn anois | |
| Pointe amháin eolais faoin scéim nua | |
| Baint a bheidh ag Ollscoil Teicneol-aíochta leis an scéal | |

### Fógra a Dó

1 Cá bhfuil Oifig Fhoras na Gaeilge?

2 Scríobh pointe amháin eolais faoi obair Fhoras na Gaeilge.

3 Breac síos rud amháin a mbeidh an tuarastal ag brath air.

4 Conas is féidir foirm iarratais a fháil?

## CUID B

**Cloisfidh tú dhá cheann de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh faoi dhó. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina dhá mhír. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.**

### Comhrá a hAon

An Chéad Mhír

1 Cad deir Lára faoi aimsir an tSamhraidh?

2 Ainmnigh an baile mór (i gCorcaigh) a luann Lára.

3 Cén contae ina bhfuil Inis Eoghain?

An Dara Mír

1 Dhá phointe eolais uait faoi chúrsaí lóistín.

2 Conas agus cathain a gheobhaidh Ciarán eolas faoin bhféirín a cheannaigh Lára dó?

### Comhrá a Dó

An Chéad Mhír

1 Cén fáth a bhfuil deifir ar Cháit?

2 Breac síos tréith amháin de chuid Chaoimhe.

An Dara Mír

1 Ainmnigh an dá chontae a bhí ag imirt san iománaíocht.

2 Cén fáth nár taispeánadh cluichí áirithe ar RTÉ, dar le Cáit?

## CUID C

**Cloisfidh tú dhá cheann de phíosaí raidió/teilifíse sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.**

### Píosa a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| Baint a bhí ag Gael Linn leis an amharclann | |
| Ainmneacha dhá dhráma a bhí ar siúl ann | |
| Cathain a dúnadh an amharclann? | |

### Píosa a Dó

1 Cé a bhí i láthair sa Chultúrlann?

2 Luaigh dhá rud a bronnadh ar dhaltaí.

3 Breac síos an seanfhocal a luaitear.



© Gael Linn

# Guma Coganta!



Is minic bainisteoir sacair ag cogaint ghuma chun é féin a shuaimhniú nuair a bhíonn strus air faoi thoradh an chluiche. Tá gné éigin ag baint le gníomh na coganta a thugann sólás don duine!

Ní rud nua é guma coganta, ar ndóigh. D'aimsigh eolaí coirt crainn san Fhionnlainn le marcanna fiacla air. Ceaptar go bhfuil an choirt seo 5,000 bliain d'aois agus gur cineál guma coganta a bhí ann – cé nach raibh sé róbhlasta!

Ba iad na chéad lonnaitheoirí i Meiriceá a thug faoi deara go mbíodh dúchasaigh Mheiriceá ag cogaint ar rud éigin. Bhíodh siad ag cogaint ar róisín ón gcrann sprúis. Ní hamháin go raibh an chogaint féin suaimhneach, ach ceaptar go raibh comhábhar sa roisín a thug faoiseamh don intinn freisin.

Sa bhliain 1914 chruthaigh fear darbh ainm William Wrigley guma coganta miontais. D'fhás comhlacht Wrigley ar fud an domhain agus, cé go bhfuil laghdú ar dhíolachán guma coganta le deich mbliana anuas, is bia an-spéisiúil é. Is beag bia eile nach n-ithimid, ach go gcaithimid sa bhosca bruscair é.

**Gluais**

**cogain** *chew* **sólás = suaimhneas, compord**
**coirt crainn** *bark of tree* **lonnaitheoir** *settler*
**dúchasach** *native* **roisín** *resin*
**comhábhar** *ingredient* **miontas** *mint*

## Bunaithe ar an eolas sa sliocht, an bhfuil na habairtí seo a leanas fíor nó bréagach?

- Bíonn bainisteoirí sacair ag cogaint adhmaid.
- Tugann guma coganta compord dúinn.
- D'aimsigh feirmeoir seanghuma coganta sna Fhionnlainn.
- Bhíodh dúchasaigh Mheiriceá ag cogant ar dhuilleoga.
- Tá an roisín ar chrainn an-bhlasta.
- Sa bhliain 1914 chruthaigh William Wrigley an chéad ghuma coganta.
- Bhí cáil ar Wrigley ar fud an domhain.

# Geert Hofstede



Nuair a bhí Vera Pauw, iarbhainisteoir fhoireann peile mhná na hÉireann i dtrioblóid leis na meáin roimh an gCorn Domhanda i mbliana, tháinig ainm Geert Hofstede chun cinn. Is síceolaí ón Ísiltír é Geert, a rinne staidéar ar chultúir agus ar thíortha éagsúla agus é ag obair do *IBM* i Meiriceá.

Is é príomhghné an staidéir seo ná tréithe a thabhairt faoi deara i gcultúr tíre áirithe. Bhí sé chatagóir éagsúla ag Hofstede chun na tréithe a aithint. Mar shampla, catagóir ar nós indibhidiúlachais in ionad comhsheilbheachais – cé mhéad béime a chuir cultúr tíre ar an duine aonair seachas ar dhaoine ag obair le chéile? Tháinig Meiriceá amach ag leibhéal an-ard ó thaobh indibhidiúlachais de agus Veiniséala ag leibhéal an-íseal.

Staidéar spéisiúil, ach conspóideach, atá ann. Agus í ag tagairt don staidéar seo, dúirt Vera Pauw nithe faoi dhaoine ó thíortha áirithe eile. Mar shampla, dúirt sí nach maith léi a bheith ag obair le Meiriceánaigh mar go mbíonn siad leithleach – agus go mbíonn muintir Shasana sotalach. Léirigh iriseoirí spóirt suim sa scéal agus thosaigh siad á lochtú.


Níl sé féaráilte lipéid ghinearálta a chur ar dhaoine, i mo thuairimse. Cé go gcreideann Vera Pauw sa staidéar, bhí uirthi leithscéal a ghabháil agus aontú nach maith an rud é lipéid a chur ar dhaoine.

**Gluais**

**indibhidiúlachas** *individualism*
**comhsheilbheachas** *collectivism*
**conspóideach = aighneasach** *controversial*
**leithleach** *selfish* **sotalach** *arrogant*
**lochtaigh = cáin, faigh locht ar** **lipéad** *label*

© Gael Linn

## Crosfhocal daoibh anois!
(Freagraí ag deireadh na caibidle)




**Trasna**

3 grúpa ag obair/imirt ar aon taobh le chéile (8)
4 cruinne, saol (6)
6 náisiún (3)
8 cineál, cuma, dealramh, dreach (3)
10 aigneolaí (8)
11 dua, deacracht, strus (9)


**Síos**

1 cupán a úsáidtear mar dhuais (4)
2 duine i gceannas (11)
5 daoine baineanna (3)
6 cáilíocht, mianach (6)
7 fostaíocht, tasc, saothar (5)
9 cothrom (9)

# Bíodh foighne agat!

De ghnáth leanann comórtas gailf ar feadh trí lá. Bíonn ocht bpoll déag le himirt ag gach imreoir agus, go minic, imrítear an cluiche i ngrúpaí beirte nó fiú triúir.

Go hiondúil tosaíonn an iomaíocht ar an Aoine agus críochnaíonn sí ar an Domhnach. Minic go leor bíonn lá maith imeartha ag imreoir áirithe ar lá áirithe – mar shampla, ar an Aoine – agus, dá bharr sin, bíonn sé go mór chun tosaigh an lá dár gcionn.



Ach má thagann athrú tobann ar an aimsir ar an Satharn nó mura mbíonn iúmar maith ar an iomaitheoir céanna is féidir leis an obair iontach ón lá roimhe sin a chur ó mhaith. go han-sciobtha.

Sa bhliain 1999 ar chúrsa Carnoustie, in Albain, bhí an Francach Jean van de Velde ag imirt thar cionn agus bhí gach cuma ar an scéal go n-éireodh leis an imreoir neamhshuntasach seo an bua a fháil.



Le poll amháin le himirt agus é trí bhuille chun tosaigh ar an bhfear sa dara háit, ní raibh le déanamh ag Van de Velde ach a chloigeann a choinneáil agus na buillí cearta a imirt. Faraor, chuaigh an chéad bhuille isteach sa ghaineamh agus an dara ceann isteach san uisce agus theip ar an bhfear bocht an bua iontach sin a fháil!

Is iomaí uair a bhí an scéal céanna ag imreoirí gailf, idir imreoirí proifisiúnta is imreoirí amaitéaracha.

**Gluais**

**iomaíocht = comórtas** **sciobtha = tapa**
**iúmar = giúmar, staid intinne**
**neamhshuntasach** *inconspicuous*


© Gael Linn

## Obair duit

**Cum scéal a mbeadh an abairt seo a leanas oiriúnach marr thús leis:**

*Ní raibh an liathróid ach slat amháin ón bpoll – agus gan le déanamh agam ach í a bhualadh go bog cúramach…*

# Teanga an idirlín

Samhlaigh gur carr é an t-idirlíon – carr le fráma, le dath faoi leith agus le hinneall. Tá suíomh idirlín cineál mar sin agus tá trí theanga faoi leith a thugann struchtúr, dearadh agus feidhmiúlacht don suíomh.



Is é *HTML* an teanga a úsáidtear chun fráma a thógáil. Sa teanga sin tugtar lipéid do na heiliimintí éagsúla – eilimint ar nós cnaipe nó foirm atá le líonadh isteach ag an té atá ar an suíomh. Cuirtear lipéad ar an eilimint agus úsáidtear teanga eile darb ainm CSS chun cuma dheas nó dearadh tarraingteach a chur air.

Is féidir le CSS aon dath nó cruth a chur ar chnaipe, ar fhoirm nó ar shuíomh iomlán ionas go mbíonn daoine sásta agus iad ag úsáid an tsuímh. Ach ní fiú aon chnaipe deas mura bhfuil aon fheidhm leis nuair a bhrúitear é.

Is í *Javascript* an teanga is coitianta a scríobhtar le feidhmiúlacht a chruthú ar chnaipe nó eolas ó fhoirm a thógáil ón té a líon isteach í agus í a chur sna háiteanna cearta i mbunachar sonraí nó a leithéid.

Cé go bhfuil an t-idirlíon sách casta, má bhíonn tuiscint mhaith agat ar na trí theanga seo, is beag rud nach féidir a dhéanamh air.

**Gluais**

**dearadh** *design* **feidhmiúlacht = éifeacht**
**suíomh** *site* **cnaipe** *button*
**bunachar sonraí** *database*

# Colm, an Laoch

Ní raibh Colm Cooper mór ná láidir agus é ag fás aníos. Bhí gruaig rua agus aghaidh shaonta lán de bhreicní air. Ní raibh an chuma air gur pheileadóir é ar chor ar bith. Ach is beag peileadóir le fiche bliain anuas a bhí chomh cliste ná chomh géar leis an gCiarraíoch, Colm *The Gooch Cooper*.




Bhí an-bhaint ag muintir Chúipéir leis na Crócaigh, club CLG i gCill Airne. Bhí ceathrar deartháireacha de chuid Choilm ag imirt don fhoireann. Ach ba é Colm an t-aon duine den chlann a d'imir le foireann an chontae agus, ní hamháin sin, ach bhí rath air freisin i rith a thréimhse le Ciarraí.

Bhí féinmhuinín agus seasamh ollmhór ag Colm i gcónaí. D'fhás sé suas le cosaint óna dheartháireacha móra, ach de réir a chéile, d'fhás sé amach uathu agus é ina fhear ann féin.. Bhuaigh sé cúig Chraobh Éireann agus naoi gCraobh Mumhan le Ciarraí!

Nuair a bhíodh foireann Chiarraí i bponc le linn cluiche, ba mhinic iad ag brath ar Cholm chun an fhadhb a réiteach. D'imríodh sé ar bhealach ciúin agus maorga. Tá lucht peile na hÉireann agus, go háirithe, muintir Chiarraí thar a bheith tógtha le David Clifford, ach caithfear a rá go bhfuil draíocht áirithe ag baint le peil Colm Cooper mar go bhfuil sé chomh beag agus chomh tanaí i gcomparáid leis an bhfathach Clifford.

**Gluais**

**saonta = simplí (i meon)** **breicne** *freckle*
**rath = maitheas, ádh, fortún**
**maorga = uasal** **tógtha le** *impressed with*

© Gael Linn

## Beagán taighde duit!

1 Cathain a rugadh Colm Cooper?
2 Céard é leasainm Colm Cooper?
3 Cé mhéad uair a bhuaigh Ciarraí Craobh Peile na Mumhan?
4 Cad iad na dathanna atá ar bhratach Chontae Lú?
5 Cé mhéad deartháir atá ag Colm Cooper?
6 Ar bhuaigh Contae Chiarraí Corn Mhic Cárthaigh riamh?
7 Cén club lenar imir Colm Cooper?
8 Cén baile mór ina bhfuil an club ar a dtugtar na Crócaigh?
9 Cé mhéad uair a bhuaigh na Crócaigh Craobh na hÉireann?
10 Cén t-éacht a rinne foireann peile Chontae Mhuineacháin i mbliana?

## Tráth na gCeist
**(Freagraí ag deireadh na caibidle)**



1 Cé méad bonn Oilimpeach atá ag Sonia O'Sullivan?
2 Cén focal Béarla atá ar 'Taoiseach'?
3 Cén chathair arb as do U2?
4 Cé a d'imir an méid is mó cluichí d'fhoireann sacair na hÉireann? Damien Duff, Roy Keane nó Shay Given?
5 Tá cáil ar an líne *I'll be back*. Ainmnigh an t-aisteoir cáiliúil a dúirt na focail sin.
6 Fíor nó bréagach? Tá Mór-Roinn na hAfraice chomh mór le gach tír ar domhan curtha le chéile?
7 Cad iad na dathanna atá ar bhratach Chontae Mhuineacháin?
8 Fuair Bertha Mór, an bhó ba shine riamh bás, i gContae Chiarraí sa bhliain 1993. Cén aois a bhí sí?
9 Cén comhlacht a chruthaigh Daniel Ek sa bhliain 2006?
10 An raibh Michael Collins ní b'airde ná Éamon de Valera?

# Carr cábla Oileán Baoi

Níl ach carr cábla amháin in Éirinn. Tá sé suite in Iarthar Chorcaí agus taistealaíonn seisear ón míntír trasna na farraige go hOileán Baoi. Is é an t-aon charr cábla san Eoraip é, a thrasnaíonn an fharraige mhór. Níl ach spás do sheisear air agus bíonn an-tóir ag turasóirí air, go háirithe sa Samhradh. Téann siad ar an turas, a mhaireann cúig nóiméad déag, chun siúlóid a dhéanamh ar Oileán Baoi, chun campáil ann nó chun am a chaitheamh ag breathnú ar éin, ar mhíolta móra agus ar dheilfeanna.



Inniu níl siopa, bialann, teach tábhairne ná leithreas poiblí ar an oileán. Bhí trí shráidbhaile ann fadó, ach ní chónaíonn éinne go lánaimseartha ann na laethanta seo.

Osclaíodh an carr cábla sa bhliain 1969. Ní raibh aon tionchar ag an teicneolaíocht nua-aimseartha ar an gcóras taistil seo fós – agus ní féidir áiteanna a chur in áirithe ar an gcarr cábla roimh ré agus ní ghlactar ach le hairgead tirim!

Míbhuntáiste eile ná nach mbínn aon seirbhís lóin ar fáil idir 1.00 agus 1.30pm! Tá cead madra a thabhairt ar an gcarr cábla, ach b'fhéidir nach mbeadh spás ann do rothar!

**Gluais**

**Oileán Baoi** *Dursey Island*
**míntír = mórthír** *mainland* **míol mór** *whale*
**deilf** *dolphin* **airgead tirim** *cash*


© Gael Linn

**Líonaigí an ghreille thíos, bunaithe ar an sliocht.**

| | |
|---|---|
| Ainm an chontae | |
| Ainm an oileáin | |
| Córas taistil luaite | |
| Líon paisinéirí | |
| Fad an turais | |
| Caitheamh aimsire ar fáil | |
| Dhá mhíbhuntáiste a luaitear | |
| Buntáiste amháin a luaitear | |

# Caelan Doris



Níl Caelan Doris ach cuíg bliana is fiche d'aois anois. Rugadh ar 2 Aibreán 1998 é i Leacain, taobh amuigh de Bhéal an Átha, Contae Mhaigh Eo. D'fhreastail sé mar scoláire cónaithe ar Choláiste na Carraige Duibhe agus, ina dhiaidh sin, rinne sé céim shíceolaíochta sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Is imreoir tallannach rugbaí é Caelan. D'imir sé ar dtús ar son na scoile agus, ina dhiaidh sin, le foireann faoi 20 na hÉireann. D'imir sé den chéad uair le Cúige Laighean nuair a bhí fiche bliain d'aois aige. Dhá bhliain ina dhiaidh sin (2020), d'imir sé le foireann sinsearach na hÉireann den chéad uair i gcoinne Alban i staid Aviva (Comórtas na Sé Náisiún). Faraor, gortaíodh sa cheann é tar éis ceithre nóiméad agus baineadh den pháirc é.

Sa bhliain 2021 ainmníodh Caelan mar Laoch na hImeartha sa chluiche i gcoinne na Nua-Shéalainne, nuair a bhuaigh Éire leis an scór 29-20.

I mbliana bhuaigh sé an onóir, Imreoir na Bliana, agus bronnadh trofaí galánta air ag ócáid mhór in Óstán Clayton Burlington ar 28 Bealtaine 2023.

**Gluais**

**tallannach = éirimiúil** *talented*

## Obair daoibh!

**Aimsígí focail sa sliocht atá ar aon bhrí leis na focail/frásaí seo:**

*saolaíodh é* *dalta*
*cáilíocht tríú leibhéil*
*éirimiúil* *ar an drochuair*
*an t-imreoir is fearr i gcluiche*

# Fiabhras Léana



Faoin tráth seo den bhliain ba cheart go mbeadh faoiseamh éigin ag teacht dóibh siúd a fhulaingíonn de bharr fiabhras léana.

Ó Mhí an Mhárta go Mí Mheán Fómhair is féidir le pailin cur isteach ar dhaoine; agus nuair a bhíonn an aimsir te, bogthais nó gaofar téann an scéal in olcas.

Cuireann fiabhras léana daoine ag sraothartach nó ag casachtach agus bíonn na súile, an scornach, an béal, an tsrón nó na cluasa tochasach. Go minic bíonn tinneas cinn nó tinneas cluaise ar dhaoine.

Ós rud é go bhfuil go leor talamh féaraigh sa tír seo, is é pailin féir is cúis lena lán ailléirgí sa Samhradh. Bíonn ailléirge pailin féir ar 95% de dhaoine in Éirinn a mbíonn fiabhras léana orthu.

Tá go leor leigheasanna ar fáil chun na siomptóim a laghdú. I measc na rudaí nádúrtha a mholtar, is féidir rís amh a chur i stoca glan ar feadh tríocha soicind san oigheann micreathonnach agus ansin é a chur thar d'éadan nó thar do shúile chun faoiseamh a fháil.

Ceaptar go bhfuil fiabhras léana ar fiche milliún Meirceánach fásta, gan trácht ar pháistí.

Cuireann fiabhras léana isteach ar chait agus ar mhadraí freisin. Éiríonn a gcraiceann tochasach agus bíonn siad ag tochas gan stad!

**Gluais**

**fiabhras léana** *hay fever*
**bogthais = taisíoch** *humid* **sraothartach** *sneezing*
**casachtach** *coughing* **tochasach** *itchy*
**talamh féaraigh** *grassland* **amh** *raw, uncooked*
**oigheann micreathonnach** *microwave oven*
**ag tochas** *scratching*

### Cúpla ceist daoibh!

- An gcuireann fiabhras léana isteach ort / ar chara / ar ghaol leat?
- An féidir aon rud a dhéanamh faoi?

## Sochaí saor ó airgead tirim!

Ní ghlacfar a thuilleadh le hairgead tirim i mórán áiteanna agus ní haon eisceacht í an tseirbhís tralaí ar an líne traenach idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh.

Toisc go maireann an turas ar a laghad dhá uair go leith, tagann fonn cupán tae a ól nó fonn ite ar mhórán paisinéirí. Ar aghaidh le daoine áirithe ag tapáil lena gcárta nó lena bhfón, ach ní mar sin do gach paisinéir.




Dúirt Celine Clarke ó *Age Action Ireland* go bhfuil 600,000 duine os cionn seasca bliain d'aois sa tír seo nach dtéann ar líne nó a bhfuil scileanna digiteacha laga acu. Úsáideann siad airgead tirim, mar sin. Ní spreagann polasaí 'Cárta amháin' ionchuimsiú sóisialta, dar léi.

Ní ghlacfaidh an tseirbhís tralaí nua atá ar an traein le hairgead tirim agus beidh ar dhaoine gan chárta dul ar aghaidh gan an cupán tae sin nó a mbia agus a ndeoch féin a thabhairt ar bord.

Deir Iarnród Éireann go bhfuil sé níos saoire dóibh seirbhís tralaí saor ó airgead tirim a chur ar fáil, go bhfuil sé níos sláintiúla gan airgead a láimhseáil agus go bhfuil e-adhmhálacha níos fearr don timpeallacht.

Bhí raic ann i Mí Feabhra i mbliana nuair a d'fhógair Cumann Lúthchleas Gael go mbeadh a gcluichí saor ó airgead tirim agus go nglacfaí le híocaíocht ar chárta seachas le hairgead tirim ag geataí casta na gcluichí.

**Gluais**

**sochaí = pobal** **tapáil** *tapping*
**ionchúiisiú sóisialta** *social inclusion*
**e-admháil** *e-receipt*
**geataí casta** *turnstiles* **promanáid** *promenade*

### Obair Ghrúpa

**Le plé!**

1. An fearr leat íoc le hairgead tirim nó le cárta/fón? Tabhair samplaí.
2. Cad iad na buntáistí a bhaineann le do rogha?
3. Má tá seantuismitheoirí agat, an féidir leo tapáil chun íoc as rudaí?
4. Cad a cheapann tú faoi sheirbhísí nach nglacann le hairgead tirim?

## Císte Milis!

An Chéadaoin a bhí ann agus b'in an lá a bhíodh ag Seán chun cuairt a thabhairt ar áit éigin dheas chun sos a ghlacadh. Ó fuair a bhean chéile bás bhí an nós sin aige. Chaitheadh sé laethanta eile na seachtaine ag obair sa ghairdín, ag dul go dtí an t-ollmhargadh nó ag snoí deilbhíní beaga as adhmad sa tseid ar chul an tí. Ach bhíodh an Chéadaoin difriúil i gcónaí. Thógadh sé an bus áitiúil go láthair éagsúil ar an lá sin agus chuireadh sé gliondar ar a chroí a bheith amuigh ag taisteal, bíodh gur airigh sé a bhean uaidh i gcónaí.


© Gael Linn

Bhí gach rud réidh aige – an pas taistil, cúpla euro ina phóca do chupán tae agus chíste agus leabhar nua le tosú nuair a shroichfeadh sé a cheann scríbe. Bhí sé chun seal a chaitheamh ina shuí cois trá, ag léamh ar an bpromanáid.



Thíos ar an trá chéanna bhí Oisín agus Liam ag baint taitnimh as caisleáin ghainimh a dhéanamh lena chéile a fhad is a luigh Mam ar ruga picnice ag coimeád súil orthu. Anois is arís bhíodh uirthi a chur i gcuimhne dóibh a bheith cineálta lena chéile. "A Oisín, roinn an deoch le do dhearthair, le do thoil…" "A Liam, roinn na milseáin le do dhearthair, le do thoil."

Ní raibh nós na roinnte foghlamtha i gceart acu fós agus bhí sé i gceist ag Mam gach deis a thapú chun iad a chur ag roinnt lena chéile.

Thart ar a ceathair a chlog bhailigh na páistí agus Mam a gcuid giuirléidí le chéile agus thugadar aghaidh ar an siopa caife faoin aer ar an bpromanáid. Shuigh Oisín agus Liam ag bord picnice a fhad is a bhí Mam ag ordú cupán tae agus slisne císte di féin agus cón uachtar reoite an duine do na buachaillí.

Faoin am seo bhí Seán suite ag an mbord picnice os comhair na mbuachaillí. Cosúil le Mam, bhí muga tae agus slisne císte ceannaithe aige. Bhí a leabhar tógtha amach aige, spúnóg siúcra curtha sa mhuga tae agus é ag tnúth go mór le greim den chíste milis a ithe.

Go tobann, tháinig faoileán ollmhór anuas de ráib ag sciobadh an chíste a bhí ar an bpláta agus ag baint croitheadh as an muga tae sular bhailigh sé leis suas san aer. Chas gach éinne i dtreo an torainn agus leath a mbéil orthu leis an iontas a bhí orthu faoi dhánacht an fhaoileáin.

Fágadh Seán béaloscailte, a fhorc ina láimh os cionn pláta fholaimh.

Bhí an eachtra go léir tugtha faoi deara ag Liam agus Oisín. ach bhí orthu é a mhíniú do Mham, mar bhí a droim le bord Sheáin. Níor chreideadar gur tharla sé chomh tapa sin! Níor chreideadar go bhfuair an faoileán slisne císte iomlán! Níor chreideadar an fhéachaint a bhí ar aghaidh Sheáin nuair a chonaic sé a chíste ag imeacht i ngob an fhaoileáin!

"A Mham, roinn do chíste," arsa na buachaillí d'aon ghuth. Ní raibh orthu é a rá an dara huair, mar thuig Mam cad a bhí le déanamh aici láithreach. Sheas sí agus chuir ceist ar Sheán cén sórt císte a bhí aige sular sciobadh uaidh é. Shiúil sí go dtí an cuntar, d'ordaigh an císte agus thug do Sheán é.

Bhí Seán thar a bheith buíoch de Mham agus thug sé faoin gcíste le fonn. Ní dúirt sé léi nach raibh go leor airgid aige chun an dara píosa a cheannach dó féin!



Nuair a shuigh Mam síos os comhair na mbuachaillí arís, bhí meangadh mór gáire orthu. Bhíodh Mam i gcónaí ag rá leo rudaí a roinnt, ach fuaireadar seans é a rá léi an Chéadaoin sin!



**Gluais**

**snoí = gearradh** *carving* **deilbhín** *figurine*
**bíodh gur = cé gur** **d'airigh sé uaidh** *he missed*
**roinn** *share* **giuirléidí = nithe pearsanta**
**dánacht = neamheagla** **de ráib = faoi dheifir**
**meangadh** *smile*

© Gael Linn

# Flip fleapanna!

Cad a rinne tú leis na flip fleapanna a chaith tú i rith an tSamhraidh? Ar choimeád tú iad don bhliain seo chugainn nó an raibh siad chomh hídithe sin gur chaith tú amach iad?

Díoltar trí bhilliún péire in aghaidh na bliana agus is cúis mhór thruallaithe iad na flip fleapanna sa Téalainn, creid nó ná creid.

Thosaigh an comhlacht *NuOceans* ag bailiú sean-flip fleapanna agus dramhaíl phlaisteach eile ó thránna agus farraigí na Téalainne anuraidh agus, taobh istigh de bhliain, bhí tonna acu! Rinne siad flip fleapanna nua as an dramhaíl sin agus, le déanaí, thosaigh siad ag dearadh cuaráin athchúrsáilte fresin. Díoltar na hearraí sin ar líne sa Fhrainc, sa Ghearmáin, sa Bheilg agus san Ísiltír.



Bhunaigh ceathrar an comhlacht *NuOceans* agus tugann siad ceardlanna scoile sa Bheilg ag míniú do dhaltaí gur féidir aon rud a bhaint amach le hobair chrua agus le diongbháilteacht.

**Gluais**

**ídithe** *used* **truailliú** *pollution*
**an Téalainn** *Thailand*
**dramhaíl = fuíoll gan mhaith** *trash*
**cuaráin athchúrsáilte** *recyclable sandals*
**diongbháilteacht** *decisiveness*

# Cad a dhéanfaimid feasta gan fuinseog?

Is as fuinseog a dhéantar camáin. Is speiceas dúchasach é agus úsáidtear 1.3 méadar ó bhun an chrainn de ghnáth chun camán a dhéanamh. Déantar 360,000 camán in aghaidh na bliana agus is fiú cúig milliún euro an gnó sin.



Tá crainn fuinseoige faoi bhagairt anois mar gheall ar ghalar darb ainm *críonadh siar* a fuarthas in Éirinn den chéad uair sa bhliain 2012. Deir *Teagasc* go mbeidh 90% de na crainn fuinseoige in Éirinn marbh faoin mbliain 2032. Is drochscéal ceart é sin do thodhchaí thionscal na gcamán.

Bhraith *Cannings Hurleys*, a bhí bunaithe i nGaillimh, éifeacht an ghalair agus b'éigean dóibh dúnadh síos anuraidh de dheasca deacrachtaí sholáthar fuinseoige.



Iompórtáiltear an fhuinseog murar féidir le Coillte agus gnónna príobháideacha an fhuinseog a sholáthar.

Seans go n-úsáidfear adhmad eile ar nós bambú chun camáin a dhéanamh amach anseo, ach caithfear a bheith cinnte nach bhfuil na camáin róláidir, go n-imeodh an sliotar rófhada ná go ngortófaí imreoirí. Faoi láthair tá Dámh na hInnealltóireachta i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus Cumann Lúthchleas Gael ag obair le chéile ag déanamh taighde ar fheidhmiú chamán agus sliotar. Ceaptar go ndéanfar caighdeánú ar chamáin amach anseo. Rinneadh caighdeánú ar an sliotar cheana féin.

**Gluais**

**fuinseog = crann crua-adhmaid righin** *ash*
**críonadh siar** *ageing, ash dieback*


© Gael Linn

# Evanne na Gaeilge



Ghlac RTÉ céim dhearfach i leith na Gaeilge i mbliana, nuair a rinneadh craoladh iomlán beo i nGaeilge ar chluiche ceannais iománaíochta na hÉireann idir Cill Chainnigh agus Luimneach ar 23 Iúil. Rinneadh plé agus anailís trí Ghaeilge roimh ré, ag leath ama agus tar éis an chluiche ar an gcainéal *RTÉ News* agus ar an Seinnteoir; bhí sé ar fáil ar *Sky*, *Virgin* agus *Saorview* freisin. Roimhe seo bhíodh tráchtaireacht i nGaeilge ar chluichí ceannais na mionúr – agus b'in an méid!

Ba í Evanne Ní Chuilinn a chuir an clár i láthair agus tá taithí mhaith aici ar an gcraoltóireacht i nGaeilge ón am a chaith sí ag obair le TG4.

Tá leabhar á scríobh aici faoin nasc idir an teanga agus na cluichí.

2-15 in aghaidh 0-30 an scór deiridh a bhí ann nuair a séideadh an fheadóg agus díomá ar Ní Chuillinn, arb as Cill Chainnigh di!

**Gluais**

**craoltóireacht = craoladh** *broadcasting*
**tráchtaireacht** *commentary*

## Déanaigí taighde!

- Cé a scoráil na cúil sa chluiche?
- Cén leasainm a thugtar ar fhoireann Chill Chainnigh?
- Cén fáth nár ghlac Declan Hannon le Corn Mhic Cárthaigh?
- Cén fhianaise atá ann gur cuireadh fáilte mhór roimh fhoireann Luimnigh nuair a d'fhill siad ar Luimneach?
- Ainmnigh an dá fhoireann eile a bhuaigh ceithre Chraobh Éireann as a chéile.

# Leabharlanna trá

Is caitheamh aimsire taitneamhach agus suaimhneach í an léitheoireacht. Tá sé éasca leabhar nó ríomhléitheoir a thabhairt leat pé áit a dtéann tú.

I mbliana bhí leabharlanna faoin aer ar fud na háite chun léitheoireacht a spreagadh. Sa tSlóivéin, mar shampla, cuireadh leabharlanna ar thránna, i lár sráidbhailte agus ag linnte snámha faoin aer. Seirbhís saor in aisce a bhí i gceist agus leabhair ar fáil do dhaoine fásta agus do pháistí. Bhí leabhair ar fáil i dteangacha éagsúla chun freastal ar thurasóirí freisin. Dúirt Luana Malec, stiúrthóir an tionscadail, gur tógadh idir 50 agus 70 leabhar amach gach aon lá ó na leabharlanna trá. Cuireadh tús leis an tionscadal chun léitheoireacht faoin aer a chun cinn naoi mbliana ó shin!



In Éirinn, bíonn seilfeanna lán de leabhair dara láimhe in ionaid siopadóireachta agus in oifigí poist. Is féidir leabhar a thógáil amach saor in aisce – nó uaireanta lorgaítear cúpla cent, a chuirfear ar aghaidh go heagraíocht charthanachta.

**Gluais**

**tionscadal** *project*

## Comhrá beirte



- An bhfuil leabharlann i do scoil / i do cheantar?
- An ball de leabharlann thú?
- An bhfaca tú leabharlann trá riamh?
- Cad iad na buntáistí a bhaineann leo?
- An bhfuil deacrachtaí leo in Éirinn?

© Gael Linn

# Curiarracht cócaireachta domhanda!

Leag Hilda Baci ón Nigéir curiarracht domhanda nua síos i mbliana nuair a chaith sí 93 huaire agus 11 nóiméad ag cócaireacht gan stad!



Mar ullmhúchán don dúshlán rinne sí traenáil i ngiomnáisiam chun a bheith aclaí go leor le bheith ina seasamh chomh fada sin.

Dúirt Baci, atá fiche is a sé bliana d'aois, gur theastaigh uaithi aird an domhain a dhíriú ar chócaireacht na Nigéire. Ba bhreá léi dá mbeadh oidis na Nigéire ar eolas ag daoine ar fud an domhain agus, sa tslí sin, go mbeadh comhábhair na Nigéire ar fáil in ollmhargaí an domhain. Bhíodh clár cócaireachta teilifíse ag Baci roimhe seo.

Thug Gobharnóir Stát Lagos cuairt uirthi a fhad is a bhí sí ag cócaireacht. Bhris Baci an tsean-churiarracht, a bhí ann ón mbliain 2019, nuair a chaith cócaire ón India 87 n-uaire agus 45 nóiméad ag cócaireacht.

Tá tuairisc faoi churiarracht Baci i Leabhar Churiarrachtaí Guinness anois!

**Gluais**

**curiarracht** *record* **dúshlán** *challenge*
**aclaí = lúfar** *fit* **oideas** *recipe*
**comhábhar = táthchuid** *ingredient*

# Áit chónaithe ait?

Cónaíonn lánúin agus a gceathrar iníonacha go lánaimseartha i mbus dhá urlár in Yorkshire, Sasana! Cheannaigh Conrad agus Nicole an bus dhá bhliain ó shin ar dhá mhíle punt steirling chun é a mhaisiú mar veain champála. Ach bhíodar chomh sásta leis an obair a chuireadar isteach gur bhog siad amach as an teach a bhíodh ar cíos acu agus isteach sa bhus, ag spáráil £1,300 cíosa in aghaidh na míosa!

Tá seomra folctha, cistin le háit chomhluadair agus seomra codlata le leaba dhúbailte agus leapacha buinc ann. Chuireadar féin painéil gréine ar an mbus tar éis féachaint ar fhíseáin faoi agus labhairt le leictreoir. Spáráil siad na mílte punt ar an gcaoi sin. Tá lucht leanúna 200,000 acu ar *TikTok* tar éis dóibh físeáin dá n-obair a uaslódáil air!



Go fadtéarmach tá sé i gceist ag an lánúin talamh a cheannach agus teach a thógáil leis an airgead a spárálann siad.

**Gluais**

**lánúin = beirt atá pósta nó luaite le chéile**
**maisigh = cóirigh** *adorn* **cíos** *rent*

## Le plé agaibh!

Cén sórt saoil a bheadh agat dá mbeifeá i do chónaí i mbus? Scríobh alt faoi sin.

**Aimsígí gach briathar sa sliocht thuas. Scríobhaigí síos (i) an briathar sin sa chéad cholún den ghreille (ii) an fhréamh sa dara colún agus (iii) an aimsir ina bhfuil sé sa tríú colún. Tá ceann amháin déanta mar shampla daoibh.**

| Briathar | Fréamh | |
|---|---|---|
| Cónaíonn | Cónaigh | Aimsir Ghnáthláithreach |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |


© Gael Linn

# Dhá chúilín – B'in an méid!



Tar éis bearna trí bliana tá Corn Mhig Uidhir ar ais i mBaile Átha Cliath! Bhuaigh foireann na *Dubs* ar Chiarraí i gcluiche ceannais peile na hÉireann ag deireadh Mhí Iúil leis an scór 1-15 in aghaidh 1-13.

Ar ndóigh, tá mórán ama caite ag Sam sa phríomhchathair – 31 seal ama go dtí seo!

Ócáid stairiúil ab ea é do Stephen Cluxton, Míchael Fitzsimons agus don chaptaen, James McCarthy, mar ba iad siúd an chéad triúr riamh chun naoi mbonn Chraobh na hÉireann an duine a bhuachan. Comhghairdeas leo!

### Tasc daoibh!

1 Aimsigh eolas ón idirlíon faoi Cluxton, Fitzsimons nó McCarthy agus scríobh alt gairid bunaithe ar an eolas sin.
2 Cérbh é Sam Mag Uidhir?
3 Cén óráid a thabharfá agus tú mar chaptaen ag glacadh le Corn Mhig Uidhir?

# Bobi – Madra speisialta!

**Déanaigí taighde!**
(Freagraí ar an lch deireanach)



1 Cad is ainm don mhadra is sine ar domhan?
2 Cén aois é?
3 Cén tír inar rugadh é?
4 Cad is ainm d'úinéir an mhadra?
5 Cén sórt bia a itheann an madra?
6 Luaigh dhá fhadhb atá ag an madra anois.
7 Cad chuige a bhfuil an madra speisialta?


# Óró, sé do bheatha abhaile!

**Tá an ceacht seo bunaithe ar an amhrán *Óró, sé do bheatha abhaile,* a chan an ceoltóir, Sinéad O'Connor. Is féidir teacht ar an bhfíseán leis an gCód QR**
**nó ag:**
**https://www.youtube.com/watch?v=4Sje2VYw99A**

**Bailígí eolas ón rang. Cad tá ar eolas agaibh faoi Shinéad O'Connor?**

**Léigí an t-alt thíos agus freagraígí na ceisteanna ina dhiaidh.**

## Sinéad O'Connor



Bhí brón ar a lán daoine nuair a chuala siad go bhfuair Sinéad O'Connor bás.

Bhí go leor trioblóidí ag Sinéad i rith a saoil. Fuair a mac Shane bás go tragóideach cúpla bliain ó shin. Bhí na meáin ag caitheamh anuas uirthi agus bhí fadhbanna sláinte aici.

Bhí guth iontach aici! Chanadh sí popamhráin go ceolmhar binn, ach chanadh sí amhráin Ghaeilge freisin. Ceann amháin acu sin is ea ***Óró, Sé do Bheatha Abhaile.***

Bhí Sinéad conspóideach mar dhuine freisin. Ar an gclár cáiliúil Meiriceánach, *Saturday Night Live*, stróic sí pictiúr den Phápa as a chéile. Bhí sí ag iarraidh aird a dhíriú ar fhadhbanna san Eaglais Chaitliceach ag an am. Rinne sé sin dochar mór di i Meiriceá, ach ní raibh brón ná aiféala riamh uirthi.

Bean mhisniúil chróga a bhí inti, a raibh tallann iontach ceoil aici.

**Gluais**

**conspóideach = argóinteach** *controversial*

© Gael Linn

## Freagraígí na ceisteanna seo anois.

1 Cén trioblóidí a bhí ag Sinéad?
2 Cén sórt amhrán a chan Sinéad?
3 Céard a rinne sí a bhí conspóideach?

## Éistigí leis an amhrán anois!

*Óró, sé do bheatha abhaile,*
*Óró, sé do bheatha abhaile,*
*Óró, sé do bheatha abhaile*
*Anois ar theacht an tsamhraidh!*

Sé do bheatha, a bhean ba léanmhar,
Do b'é ár gcreach tú bheith i ngéibheann,
Do dhúiche bhreá i seilbh meirleach,
Is tú díolta leis na Gallaibh.

Tá Gráinne Mhaol ag teacht thar sáile,
Óglaigh armtha léi mar gharda;
Gaeil iad féin is ní Gaill ná Spáinnigh,
Is cuirfidh siad ruaig ar Ghallaibh.

A bhuí le Rí na bhFeart go bhfeiceam,
Mura mbeam beo ina dhiaidh ach seachtain,
Gráinne Mhaol agus míle gaiscíoch,
Ag fógairt fáin ar Ghallaibh!

### Gluais

**sé do bheatha = fáilte romhat**
**léanmhar = brónach** **creach = brón**
**i ngéibheann = i bpríosún** **dúiche = ceantar**
**meirleach = gadaí** **Gallaibh = Gaill, strainséirí**
**sáile = farraige** **óglaigh = saighdiúirí**
**cuir ruaig ar = caith amach**
**Rí na bhFeart = Dia Uilechumhachtach**
**gaiscíoch = laoch**
**ag fógairt fáin = ag cur an ruaig**

## Pléigí an t-amhrán anois!

1 Cén tuairim atá agat de leagan Shinéad O'Connor den phíosa ceoil seo?
2 Cén sórt mothúchán atá le brath san amhrán?
3 Is seanamhrán é *Óró, sé do bheatha abhaile*, ach chuir Pádraig Mac Piarais, ceannaire Éirí Amach 1916, na focail thuas leis. An dóigh leat go bhfuil tionchar ag smaointe polaitiúla Mhic Phiarais le feiceáil i bhfocail an amhráin?

## Eolas eile + Ceist

Is amhrán feargach é seo faoi bhean chróga, Gráinne Mhaol, a bhí ag troid in aghaidh daoine a bhí ag cur isteach ar mhuintir na hÉireann. Ón eolas atá agat ar Shinéad O'Connor, cén fáth, dar leat, ar theastaigh uaithi an t-amhrán áirithe seo a thaifeadadh?

## Taighde

- Déan taighde ar líne ar Ghráinne Mhaol (nó ar Grace O'Malley). Léirigh an taighde sin ar phóstaer.
- Cruthaigh d'fhíseán féin.
- Mar rang, canaigí an t-amhrán. Má tá aon duine in ann uirlis cheoil a sheinm, d'fhéadfadh an duine sin tionlacan (*accompaniment*) a dhéanamh. Déanaigí taifead den rang ag canadh an amhráin.

# Freagraí!

## Cúinne na Gramadaí

### Ceacht a hAon!

9 **Chan** Síle amhrán…
10 **Dhún** an múinteoir …
11 **Ar bhlais** tú…?
12 **Níor fhan** mé…
13 **Ar scríobh** tú…?
14 **D'ól** mé gloine mhór uisce…
15 **Níor ól** mé…
16 An samhradh seo caite **thiomáin** máthair Pháidí…

### Ceacht a Dó!

9 **An bhfaca** sibh…?
10 **Níor tháinig** Josh… agus **bhí** díomá…
11 **Ar chuala** tú…?
12 **Ní dhearna** mé…
13 **An bhfuair** tú…?
14 **Ní dúirt** an príomhoide…
15 **Chuaigh** mé… **Chonaic** mé… agus **d'ith** mé paella…
16 **Bhí** an t-ádh dearg orm…

### Ceacht a Trí


| Briathar | Dearfach | Diúltach | Ceisteach |
|---|---|---|---|
| **Feic** | Chonaic | Ní fhaca | An bhfaca? |
| Déan | Rinne | **Ní dhearna** | An ndearna? |
| Tar | **Tháinig** | Níor tháinig | Ar tháinig? |
| Taistil | Thaistil | Níor thaistil | **Ar thaistil?** |
| **Léigh** | Léigh | Níor léigh | Ar léigh? |
| Féach | **D'fhéach** | Níor fhéach | Ar fhéach? |
| Ól | D'ól | **Níor ól** | Ar ól? |
| **Eitil** | D'eitil | Níor eitil | Ar eitil? |
| Fág | D'fhág | Níor fhág | **Ar fhág?** |
| Fan | **D'fhan** | Níor fhan | Ar fhan? |
| **Tabhair** | Thug | Níor thug | Ar thug? |
| Dírigh | **Dhírigh** | Níor dhírigh | Ar dhírigh? |
| Beir | Rug | **Níor rug** | Ar rug? |
| Labhair | Labhair | Níor labhair | Ar labhair? |


© Gael Linn

## Stór maith focal agat?





## Center Parcs san Fhómhar




## *Le Mans 24*




## Geert Hofstede




## Bígí ag caint!




## Crosfhocal – Tréithe!




## Freagraí – Tráth na gCeist!



1 Ceann amháin
2 *Chief* nó *Leader*
3 Baile Átha Cliath
4 Shay Given
5 Arnold Schwarznegger
6 Bréagach
7 Gorm agus bán
8 48 mbliana agus naoi mí d'aois
9 *Spotify*
10 Ní raibh. De Valera an duine ab airde!

## Bobi – Madra speisialta!

1 Bobi
2 30 bliain d'aois
3 An Phortaingéil
4 Leonel Costa
5 Bia mar a bhíonn ag daoine
6 Deacracht siúil agus radharc na súl ag dul in olcas
7 Níor cuireadh chun báis é ag tús a shaoil nó cuireann sé an ghlúin atá imithe i gcuimhne don úinéir.

© Gael Linn